Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
## 2022





# Clár na nÁbhar


Réamhrá ... 4
Tuarascáil an Chathaoirligh ... 6
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ... 16
Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta ... 18
Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíocht ... 20
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 20
- Seirbhísí do Dheontóirí ... 22

Táirgeadh agus Seirbhísí Ospidéil ... 26
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 26
- Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar ... 26

Tástáil ... 28
- An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí ... 28
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 30
- Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh ... 36
- SNTHI ... 37
- BGGL ... 39

Seirbhísí eile ... 42
- Fíochán ... 42
- CSNÉ ... 42
- ONH ... 43
- Aifiréis Theiripeach ... 45

Cáilíocht & Comhlíontacht ... 50
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 50

Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht ... 54
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 54
- Foilseacháin, taighde, tionscadail ábhartha, teagasc srl ... 54

Straitéis ... 57
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022 ... 57

Acmhainní Daonna ... 58
Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht ... 62
TFC ... 63
Inbhuanaitheacht ... 64
Airgeadas ... 65
Sonraí Teagmhála ... 67

# Réamhrá



Bliain dhúshlánach ab ea 2022 don SFÉ ach sháraigh ár bhfoireann gach dúshlán, rud a chinntigh go rabhamar fós ag cur soláthar fola sábháilte ar fáil do mhuintir na hÉireann don bhliain ar fad. Bhí an t-éileamh ar tháirgí fola agus fíocháin níos airde ná mar a bhí sé le roinnt blianta ós rud é go bhfuil cúram sláinte ar ais ar a sheanléim arís i ndiaidh na paindéime. Chun a chinntiú go bhféadfadh ár gcomh-pháirtithe brath ar leanúnachas an tsoláthair, bhíomar ag brath go mór ar an líon deontóirí atá againn agus táimid fíorbhuíoch de gach duine dár ndeontóirí as a dtiomantas agus dílseacht leanúnach don SFÉ.

Ar an dea-uair, ós rud é go bhfuarthas réidh go foirmiúil le srianta na paindéime le linn 2022, bhíomar in ann deontóirí nua a thabhairt isteach inár gclinicí agus, táimid ag obair, de réir a chéile chun líon ár ndeontóirí nua a mhéadú. Tá na rialacha incháilitheachta faoi athbhreithniú i gcónaí ionas gur féidir linn fanacht cothrom le dáta leis an bhfianaise eolaíochta gan sábháilteacht ár dtáirgí d'fhaighteoirí a laghdú; mar shampla, le blianta beaga anuas, baineadh an cosc de dheontóirí a raibh cónaí orthu sa RA ar feadh cúpla mí. Tá athruithe an-suntasacha déanta againn ar ár rialacha incháilitheachta deontóirí le linn 2022, ionas go ndéantar measúnú ar incháilitheacht deontóirí bunaithe ar a gcúinsí pearsanta féin agus molaim do gach deontóir féideartha a n-incháilitheacht a sheiceáil ar https:// giveblood.ie/can-i-give-blood/

Is breá linn ár ndeontóirí ag an SFÉ agus tá sé mar aidhm ag roinnt dár dtionscadail straitéiseacha i *'Connections that Count, SFÉ a Fhorbairt 2021 go –2025'* díriú ar thaithí chustaiméara ár ndeontóirí a fheabhsú. Ar cheann de na cinn is tábhachtaí astu seo, tá tosú an mheasúnaithe riosca deontóra indibhidiúil, a tugadh isteach i ndiaidh mionanailís a bhí faoi stiúir ár Stiúrthóra Leighis agus Eolaíochta agus ár bhfoirne haemaiteolaithe agus eolaithe oilte in SFÉ. Táimid ag tnúth go mór le leanúint orainn in 2023 ag deimhniú go bhfuil an próiseas deonaithe fola chomh héi-feachtúil agus chomh sábháilte agus is féidir dár ndeontóirí.

Tá fás as cuimse tagtha ar thaighde agus ar nuálaíocht in SFÉ ó foilsíodh ár gcéad Straitéis Taighde agus Forbartha in 2021, agus tá taighde suntasach agus tábhachtach foilsithe anois i dtaca le fuilaistriú. Bhí lúcháir orainn maidir le cé chomh maith is a d'éirigh le 'BloodHIT' i Mí na Samhna 2022, siompóisiam ar dheonú fola agus taighde haemaiteolaíochta atá dírithe ar an todhchaí. (Féach an rannóg ar Ghníomh-aíochtaí Acadúla, Taighde agus Nuálaíocht chun tuilleadh eolais a fháil). Cosúil le comhlachtaí stáit eile, tá SFÉ ar an eolas faoin ról atá againn Neodracht Carbóin a bhaint amach roimh 2050. Is maith a thuigimid méid an dúshláin, agus mar sin, táimid ag cur béim níos láidre ar inbhuanaitheacht agus ar laghduithe fiúntacha ar ár lorg coise carbóin. Táim fíorbhródúil as an bhfoireann atá sa tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD) atá ar an gcéad Saotharlann Eolaíochta Leighis chun an stádas "Glas" is airde a bhaint amach sa chlár My Green Lab. Áirítear gurb é deimhniúchán My Green Lab an caighdeán is airde do dhea-chleachtas inbhuanaitheachta saotharlainne ar fud an domhain, agus aithníonn an feachtas Race to Zero de chuid na Náisiún Aontaithe gur slat tomhais thábhachtach é ar an dul chun cinn atá déanta chun todhchaí saor ó charbón a bhaint amach.

Rinneadh measúnú ar an tsaotharlann SNSC bunaithe ar a cuid oibríochtaí, úsáid fuinnimh agus

uisce, bainistíocht dramhaíola, ceannach agus taisteal inbhuanaithe san áireamh. D'fhorbair an eagraíocht neamhbhrabúis, My Green Labs, agus ionadaithe Ollscoil California ó Davis, Santa Barbara, San Francisco agus Los Angeles, Clár Measúnaithe na Saotharlainne Ghlais chun cabhrú le tionchair foirgneamh saotharlainne ar an gcomhshaol a laghdú.

Déanfar an tionscadal píolótach rathúil seo in SNSC a leathnú amach chuig gach saotharlann de chuid SFÉ, san Ionad Fola Náisiúnta, Baile Átha Cliath, agus in ionad SFÉ Corcaigh araon.

Chuireamar fáilte le cinneadh an aire ár bhfís don Ionad i gCorcaigh a fhaomhadh ag deireadh 2022, agus táimid ag dul ar aghaidh le hathfhorbairt ar an ionad i gCorcaigh ar mhaithe le baill foirne, deontóirí agus faighteoirí i réigiún na Mumhan.

Agus imeachtaí na bliana faoi chaibidil agam, ba mhaith liom béim a leagan ar an mbuíochas atá againn d'fhoireann SFÉ, a choinnigh, cosúil le gach oibrí cúraim sláinte ar an líne thosaigh, leis an obair le trí bliana anuas, agus ní aon áibhéil an méid sin a rá. I dtaca le clinicí deontóirí, saotharlanna tástála, táirgí a chur amach chuig áit ar bith ina raibh siad de dhíth ar fud na tíre, cáilíocht ár dtáirgí a dheimhniú agus obair in oifigí a aistríodh thar oíche go dtí boird a gcistineacha féin, agus ar ais arís, bhí foireann SFÉ os cionn comórtais. Níl sárú le fáil ar cháilíocht ár bhfoirne, a bhí faoi stiúir Orla O'Brien í féin. Nuair a ardaíodh na srianta, chuaigh SFÉ i dtaithí go tapa ar an "ngnáthshaol", nó a ghaire dó is a bhíomar, le díograis agus le dúthracht. Tá siad tar éis dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hobair d'eagraíocht cúraim sláinte an-tábhachtach, a bhfuil saintáirgí fola de dhíth uirthi i méideanna móra, níos mó ná mar a bhí riamh. Thar ceann an Bhoird, gabhaim buíochas le gach uile dhuine acu.

Is iad ár ndeontóirí — i ndáiríre— cuisle SFÉ. Thar ceann an Bhoird, gabhaim buíochas ó chroí le gach deontóir a dheonaigh aonad fola don SFÉ a shábháil saol duine. Tá líon dochreidte deontóirí tar éis breis is 50, nó fiú 100 aonad fola a thabhairt, agus táim ag tnúth go mór le bualadh libh agus buíochas a ghabháil libh go pearsanta ag ár Searmanais Bronnta Deontóra le linn na bliana.

**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánaigh comhlachta Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 de réir Aguisín D den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú 2016, arna leasú.

1. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh atá ag SFÉ ach cinnteacht réasúnta, seachas cinnteacht iomlán, a chur ar fáil nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Dearbhaíonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha a thagann roimh SFÉ a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo ar bhonn tuairiscí ón bPríomhfheidhmeannach agus nuashonraí ón gCoiste Riosca Iniúchóireachta agus Comhlíonta
   i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a réimsí gnó a aithint agus a mheas agus srianta cuí a cheapadh agus a chur ag obair. Déantar na rioscaí sin a mheas ar bhonn leanúnach agus b'fhéidir go mbeadh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha ar a n-áirítear clistí ar rialuithe, cur isteach ar chórais fhaisnéise, tubaistí nádúrtha agus riachtanais rialúcháin agus chomhlíontachta.
   ii. Tagann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin le chéile faoi dhó sa mhí i dtaobh saincheisteanna agus rioscaí oibriúcháin agus an bealach a ndéantar iad a bhainistiú. Is é an ról atá ag an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sa chás seo ná athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird i gcomhar leis an mBainisteoir Riosca agus Acmhainneachta ar na príomhrioscaí atá i ngnóthaí SFÉ agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí dá leithéid a bhainistiú agus a gcuid torthaí ar ábhair shuntasacha a chur ar fáil trí Phríomhfheidhmeannach an Bhoird.
   iii. Tugann an Príomhfheidhmeannach tuairisciú don Bhord thar ceann na bainistíochta feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair SFÉ agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas.
   iv. Cuireann an Stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil don Choiste Airgeadais, ina bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta.
   v. Tá creat rialaithe cuí i bhfeidhm agus tá nithe ann atá sainmhínithe go soiléir agus forchoimeádta lena bhfaomhadh ag an mBord amháin nó le haghaidh fhaomhadh cuí an Fheidhmeannais, más rud é go dtarmligeann an Bord iad dó. Tá bainistíocht laethúil SFÉ tarmligthe ag an mbord agus tá teorainneacha iomchuí socraithe don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh.
   vi. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Ina theannta sin, athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird réimsí ar leith den rialú inmheánach mar chuid dá théarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíonadh athbhreithniú foirmiúil ar na córais sin maidir le 2022 ag a gcruinniú ar an 14 Feabhra 2023.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus arna leasú i Meán Fómhair 2020.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe curtha i bhfeidhm. Tá glactha ag an mBord le beartas mionsonraithe taistil agus maireachtála a chomhlíonann gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne SFÉ athbhreithniú ar thuarascálacha ar rialuithe inmheánacha le linn na bliana chomh maith le hathbhreithnithe ar thuarascálacha an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ar rialuithe oibriúcháin agus comhlíontachta agus ar bhainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag oibriú go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá SFÉ i ndiaidh na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a rialú 2016.' Cloíonn SFÉ leis na hoibleagáidí ábhartha go léir a shainítear faoi dhlí cánach na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Rinne an Bord athbhreithniú agus nuashonrú ar roinnt doiciméad rialachais ag a chruinniú i Mí Dheireadh Fómhair 2022, agus d'aontaigh sé ar chlár ama 3 bliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha fhochoistí an Bhoird. I gcomhréir le riachtanais an Chóid Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a rialú, chuir an bord athbhreithniú éifeachtachta, le cabhair ó lasmuigh, i gcrích sa chéad leath de 2022.

### Oibriú an Bhoird

Tá dhá chomhalta déag ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin atá ceaptha ag an Aire Sláinte san áireamh. Bhí aon chomhalta dhéag ar an mBord in 2022.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Reáchtáil an Bord cruinniú lae iomláin chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Phlean Straitéisigh 'Connections that Count' agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí mheastóireacht éifeachtachta sheachtrach an Bhoird.

Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird:

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Samhain | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Deirdre-Ann Barr | × | × | × | × | × | × |
| Brian O'Mahony | × | × | × | | | × |
| Kate Williams | × | × | × | | × | |
| An Dr. Elizabeth Kenny | × | × | | × | × | × |
| An Dr. Ronan Desmond | | × | | | × | |
| Deirdre Cullivan | × | × | × | × | × | × |
| John Malone | × | × | × | × | × | × |
| An Dr. Satu Pastila | × | × | × | × | × | × |
| An Dr. Sarah Doyle | | | × | × | | × |
| David Gray | × | × | × | × | × | × |
| An tOll. Sharon Sheehan* | × | × | × | × | | |

*An tOllamh Uí Shíocháin ar shaoire bhreoiteachta

Faigheann gach comhalta eolas atá cuí agus tráthúil, chun cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle chuí neamhspleách agus gairmiúil de réir mar is gá. Déantar urramú do na treoirlínte faoina n-íoctar táillí agus caiteachas chomhaltaí Boird.

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus cruinnithe an fhochoiste in 2022 leagtha amach thíos, na táillí a fuair gach comhalta san áireamh:

| | **Bord** | **An Coiste Comhairleach Leighis** | **An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Comhlíontachta** | **An Coiste Airgeadais** | **Feidhmíocht An Coiste Forbartha** | **An Coiste Taighde agus Forbartha** | **Táillí an Bhoird 2022 €** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon Cruinnithe | 6 | 6 | 5 | 5 | 3 | 4 | |
| Bean Uasal DA Barr* (Cathaoirleach) | 6 | – | 3 | – | 3 | – | 11,970 |
| An tUas. B. O'Mahony | 4 | – | – | – | – | 4 | – |
| An Dr. E Kenny | 5 | 6 | – | – | – | – | – |
| Bean Uasal K Williams | 4 | – | – | 5 | – | – | 11,970 |
| An Dr. R Desmond | 2 | 3 | – | – | – | – | – |
| Bean Uasal D Cullivan | 6 | – | – | 5 | 3 | – | 11,970 |
| An tUas. J Malone | 6 | – | – | 5 | – | 3 | 11,970 |
| An Dr. S Pastila | 6 | 4 | – | – | – | – | 11,970 |
| An Dr. S Doyle** | 3 | 0 | – | – | – | – | – |
| An tUas. DW Gray | 6 | – | 5 | – | – | – | 11,970 |
| An Dr. Sharon Sheehan | 4 | – | 4 | – | – | – | – |
| | | | | | | | **71,820** |

* Ceapadh Bean Uasal DA Barr ina Cathaoirleach ar an 23 Meitheamh 2022, go dtí sin ba í an Cathaoirleach gníomhach. Ó mhí an Mheithimh ar aghaidh, níor fhreastail sí ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta, Riosca & Comhlíontachta a thuilleadh.

** Baineann asláithreacht an Dr Doyle lena freagrachtaí sláinte poiblí i dtaobh COVID 19

Bhí cúigear comhaltaí Boird nach bhfuair táille Bhoird faoin bprionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin (DATA).

B'ionann €3,326 agus costais chomhaltaí an Bhoird in 2022: €1,059 ar mhíleáiste, €350 ar chothú agus €1,917 ar chostais eile a bhain le taisteal agus costais dheimhnithe bhia.

## An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá an Bord tiomanta chun forálacha an Chóid Caiteachais Phoiblí agus Chiorcláin 14/21 "Socruithe ar Fhorbhreathnú ar thionscnaimh Dhigiteacha agus tionscnaimh a bhaineann le TFC sa Státseirbhís agus Seirbhís Phoiblí" a chomhlíonadh

Tá modheolaíocht bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag SFÉ, atá cuí lena chur in oiriúint, ag brath ar mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Tá fochoiste bunaithe ag an mBord le déileáil go sonrach le saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Comhlíonann an Bord Beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Comhlíonann an Bord na treoirlínte maidir le táillí stiúrthóra a íoc freisin. Ba é €159,531.38 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2022. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2022.

### Tinreamh an Choiste FF

| | Aibreán | MF | Noll |
|---|---|---|---|
| Deirdre-Ann Barr | × | × | × |
| Deirdre Cullivan | × | × | × |



## An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta

Tá cuid de na comhaltaí sin den Bhord a bhfuil cáilíocht leighis acu, chomh maith le baill foirne SFÉ ar sainchomhairleoirí leighis iad, ar an gCoiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta, mar aon le méid áirithe sainchomhairleoirí leighis seachtracha. Tháinig an coiste le chéile 6 huaire in 2022. Is í an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le réimse an fhuilaistriúcháin leighis agus réimsí a bhaineann leis, an Bord a chur ar an eolas maidir le forbairtí den sórt sin agus comhairle a thabhairt don Bhord faoi ghníomhaíocht chuí.

### Tinreamh an CCLE 2022

| | Ean | Aibreán | Meitheamh | Lún | DF | Samh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| R Desmond | × | ✓ | × | × | ✓ | ✓ |
| S Pastila | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | × |
| S Doyle | × | × | × | × | × | × |
| B O'Mahony * | ✓ | × | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Field ** | ✓ | – | – | – | – | – |
| Tor Hervig *** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D Ó Donghaile | × | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| L Pomeroy **** | ✓ | ✓ | – | – | – | – |
| E McSweeney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| J Power ***** | × | ✓ | ✓ | ✓ | – | ✓ |
| N O'Flaherty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | × |
| N O'Connell | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| C DeGascún | × | ✓ | ✓ | × | × | × |
| K Morris | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| N Moore | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| R Hagan | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Thomas | ✓ | × | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| A Waters ******* | – | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| O O'Brien ******** | – | – | – | ✓ | ✓ | ✓ |

* Ní bhíonn B O'Mahony ach i láthair ar chruinnithe, ní lánchomhalta ]é ar CCLE
** D'éirigh an tOllamh S Field as SFÉ ar an 13 Márta 2022
*** Thosaigh an tOllamh T Hervig in SFÉ ar an 8 Feabhra 2022 (d'fhreastail sé ar chruinniú i mí Eanáir mar fheitheoir)
**** D'éirigh an Dr. L Pomeroy as ar an 11 Iúil 2022
***** Chuaigh an Dr. J Power ar shaoire réamhscoir i mí Mheán Fómhair 2022
****** Rinneadh ball den CCLE den Dr. A Waters i Mí Aibreáin 2022
******* Níl Bean Uasal O O'Brien ach ag freastal ar chruinnithe, ní lánchomhalta í den CCLE

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord ina mbaill air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta ar an gcoiste chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, Ráitis Airgeadais Reachtúla agus cuntais bhainistíochta míosúla, ETFanna airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus ar an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú freisin ar phleanáil gnó, bearta costála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus beartas ciste. Déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoiniú agus feidhmíocht chiste pinsin an Bhoird fosta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht bhainteach. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach trí bliana.

### Tinreamh an Choiste Airgeadais

| | Feabhra | Beal | Iúil | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| Bean Uasal K. Williams | × | × | × | × | × |
| Bean Uasal D. Cullivan | × | × | × | × | × |
| An tUas. J. Malone | × | × | × | × | × |

## An Coiste Iniúchóireachta, Riosca & Comhlíontachta

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí den Bhord agus comhalta neamhspleách seachtrach ina mbaill de. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Táirgthe agus Seirbhísí Ospidéil, an Stiúrthóir Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíochta, An Príomhoifigeach Faisnéise, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíontachta, an tIniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ag freastal ar an gcoiste agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag gníomhú mar Rúnaí an Choiste. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheisteanna a bhaineann le cúrsaí airgeadais, riosca, rialála nó comhlíontachta an Bhoird Déanann sé athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla bliantúla, a chuimsíonn na beartais chuntasaíochta agus nótaí leis na ráitis airgeadais, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra, ar thuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón ÚRTS, bainistíocht Riosca le hathbhreithnithe ar an gclár riosca corparáide san áireamh. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar ráitis airgeadais reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Tinreamh an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal David Gray | × | × | × | × | × |
| Deirdre-Ann Barr* | × | × | × | | |
| An tOll. Sharon Sheehan** | × | × | × | × | |

*Nuair a ceapadh Deirdre-Ann Barr ina Cathaoirleach d'éirigh sí as a ról mar bhall den Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta

**An tOllamh Uí Shíocháin ar shaoire bhreoiteachta

## An Coiste Taighde agus Forbartha

Tháinig an Coiste Taighde agus Forbartha le chéile ceithre huaire le linn na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Taighde agus Forbartha SFÉ. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus Príomhéascaitheoir Taighde agus Forbartha agus roinnt ball seachtrach ar an gCoiste Taighde agus Forbartha.

**Tinreamh an Choiste Taighde agus Forbartha**

| | Feabhra | Beal | Lúnasa | Samhain |
|---|---|---|---|---|
| Brian O'Mahony | × | × | × | × |
| John Malone | × | × | | × |

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, rioscaí cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, agus an rialú reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú i gcás riosca. Tá sé de fhreagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Dianseasmhachta maoirseacht a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar shocruithe teagmhais. Tá tacar rioscaí bunúsacha aitheanta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht rialta orthu. Faoi láthair déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár riosca.

Cinntítear leis an monatóireacht sin gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin réasúnacha a dhéanamh tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an Bhoird go mbeidh dóthain acmhainní ag SFÉ le leanúint i mbonn oibriúcháin san am atá díreach romhainn. Dá bharr seo, tá siad ag leanúint le bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais. I bhfianaise an easnaimh pinsin agus an baol ar athruithe ar an dáta iarthuairiscithe breise i luach sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin, rinne an Bord luachanna uile an chiste pinsin agus an sreabhadh airgid a mheas thar an dá mhí dhéag ón dáta a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus iad ag déanamh measúnú ar oiriúnacht choincheap gnóthais leantaigh do thacar reatha na Ráiteas Airgeadais agus tá siad den tuairim go mbeidh an Bord in ann a chuid dliteanas ar fad a chomhlíonadh ar a n-áirítear maoiniú a dhéanamh ar scéim pinsin SFÉ de réir mar atá siad dlite. Sna cúinsí seo measann an Bord go bhfuil an coincheap gnóthais leantaigh oiriúnach chun an tacar seo de na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach i SFÉ agus as a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn an córas de rialú inmheánach airgeadais atá ag an mBord an rialú sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- Taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus eolas iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach ar thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceálacha fíorúcháin agus rialuithe pasfhocail sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Síniú orduithe ceannaigh ag Oifigeach Ceannaigh nó ionadaí údaraithe
- Déantar foréileamh ar mhíreanna stoic trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (NEI) agus orduithe ceannaigh an stórais
- Seiceálacha fíoraithe ar shonraisc soláthraithe ag baill foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann chuntais iníoctha

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas de rialú inmheánach ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca atá ann nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 faoi FRS102.



## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord ceangailte ag Ordú (Bunú) Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann 1965, chun ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann is infheidhme agus caighdeáin chuntasaíochta, a chuireann léargas fíor agus cothrom ar conas atá cúrsaí i Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Imeacht ábhartha ar bith ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann de bheith ag oibriú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann, agus le cur ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Ordú. Anuas air sin, tá sé freagrach as sócmhainní Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann a chosaint, agus bearta réasúnta a dhéanamh dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Soláthar

Comhlíonann SFÉ na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Diúscairt Sócmhainní

I gcomhréir le riachtanais tuairiscithe an Chóid Chleachtais níor diúscraíodh aon sócmhainní in 2022.

## Nochtaí Cosanta

Cloíonn SFÉ leis na riachtanais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus dearbhaíonn sí go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir cuid 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú in 2022. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta i 2022.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

D'eagraigh SFÉ dhá lastas de mhálaí agus imoibrithe fola ar Luach €60,000 le seachadadh chuig Cumann Croise Deirge na hÚcráine.

**Deirdre-Ann Barr**
Chairperson





# Tuarascáil an Phríomhfheidh-meannaigh



Tá an-áthas orm tuarascáil bhliantúil 2022 a chur os comhair Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann. Nuair a tháinig paindéim COVID-19 isteach ina tríú bliain, ba lú a tionchair agus d'éirigh linn na srianta sláinte poiblí a bhí i dtreis sa dá bhliain roimhe a chur dínn. Ina dhiaidh sin féin, ní raibh COVID-19 imithe go hiomlán, agus, go háirithe i dtreo dheireadh na bliana, chuaigh na leibhéil víris a bhí ag dul timpeall sa phobal i bhfeidhm ar líon na ndeontóirí agus ball foirne a bhí ar fáil, agus mar thoradh bhí sé an-dúshlánach an soláthar fola a choinneáil chomh hard is a bhí ag teastáil. Dá bharr seo, bhí orainn líon beag aonad fola a iompórtáil ónár gcomhpháirtithe teagmhasacha faoi dhó le linn na bliana. Reáchtálamar dhá achainí éagsúla náisiúnta a raibh rath orthu, agus bhí freagairt iontach ónár ndeontóirí agus ón bpobal mar thoradh. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht leanúnach dhílis.

Sa bhreis ar ár ngníomhaíochtaí laethúla, chuireamar tionscnaimh thábhachtacha i bhfeidhm a thagann lenár bplean straitéiseach Connections that Count: SFÉ a Fhorbairt 2021 go –2025. Tá struchtúr ilbhliantúil ag cuid mhaith dár dtionscadail agus bhí baint ag cuid mhaith dár mball foirne ina gcur chun cinn i gcaitheamh na bliana. Bhí turas lae againn do Straitéis Boird i mí Bealtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a bhí déanta againn agus chun cuid de na tionscadail is mó a phlé. Ceann de na héachtaí ba mhó is ea tosú an Mheasúnaithe Riosca Deontóra Indibhidiúil (MRDI) i mí na Samhna, athrú a thabharfaidh beartais deonaithe fola ionchuimsitheacha isteach dár ndeontóirí. I measc éachtaí eile tá na córais nua fóin a tugadh isteach, anailíseoirí PK nua inár Saotharlann Ghrúpa Deontóirí agus trealamh tástála haemaglóibine nua inár gclinicí deonaithe. Chuireamar tús le táirgeadh braonta súl séirim allaigineach i mí Lúnasa agus tá éileamh seasta ann don táirge nua cheana féin.

Reáchtáil an fhoireann Taighde agus Forbartha ár gcéad chomhdháil BlooDHit i Mí na Samhna, agus bhain ár saotharlann haemaiteolaíochta imdhíonachta Fuilchille Deirge creidiúnú ISO15189 amach i mí na Nollag. Leanadh lenár dtionscadal chun plasma a foinsíodh ó dheontóirí Éireannacha a úsáid i mbliana, tionscadal a thógfaidh cúpla bliain sula gcuirfear é i gcrích. Tá tuairisc faoi na héachtaí eile ó Straitéis Chorparáideach, Straitéis Phearsanra agus Cultúir, Straitéis Taighde agus Forbartha agus Straitéis TF le feiceáil síos tríd an tuarascáil bhliantúil seo.

Tá an-chuid oibre fós le déanamh againn i dtaca le líon na ndeontóirí nua a ardú go dtí na leibhéil ar a raibh siad roimh COVID-19 agus seo an rud a mbeidh ár bhfoireann seirbhísí do dheontóirí ag díriú isteach air in 2023. Chun go mbeidh sé níos éasca ar ár ndeontóirí teacht orainn, leanadh le hobair ar Chóras Coinní Saincheaptha in 2022 agus seolfar é in 2023. Feabhsú suntasach a bheidh i gceist do rannpháirtíocht ár ndeontóirí le SFÉ agus fágfaidh sé go mbeidh sé níos éasca orthu a gcoinní deonaithe a dhéanamh agus a bhainistiú.

Leagadh béim mhór ar inbhuanaitheacht in 2022, i bhfianaise na n-arduithe ar chostais fuinnimh, fhoilsiú phlean gnímh aeráide an Rialtais, agus an fheachtais "úsáid níos lú". In ainneoin go bhfuil baint shonrach ag roinnt dár dtionscnamh straitéiseach leis an gclár oibre inbhuanaitheachta, tá tuilleadh tionscadal agus gníomhaíochta le teacht amach in 2023 a thacóidh linn sprioc shábhála éifeachtúlachta fuinnimh 2030 a bhaint amach. Tá grúpa oibre inbhuanaitheachta curtha ar bun againn agus oibreoidh sé lenár nOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh chun straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt in 2023 agus chun

gníomhaíochtaí ónár bplean gnímh aeráide a chur i bhfeidhm go leanúnach.

Chuireamar tús in 2021 leis an bpróiseas chun scrúdú a dhéanamh ar struchtúr ár n eagraíochtaí, agus d'fhaomh an Bord ceithre mholadh chun feabhais i mí Aibreáin 2022. Cuireadh tús le cur chun feidhme na struchtúr feabhsaithe ar an toirt, agus mar chuid díobh bhí athcheapadh na stiúrthóireachta oibríochta chun dá stiúrthóireacht a dhéanamh, Stiúrthóir Seirbhísí do Dheontóirí agus Stiúrthóir Táirgthe agus Seirbhísí Ospidéil, agus cuireadh ceithre ghrúpa rialachais fostruchtúir ar bun chun teagmháil ceannaireachta meánleibhéil agus rannpháirtíocht réamhghníomhach a fheabhsú.

I mí Feabhra d'fhágamar slán lenár Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta an tOllamh Stephen Field a bhí ag éirí as agus chuireamar fáilte leis an Ollamh Tor Hervig a ceapadh sa ról. Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le Stephen as a cheannaireacht ar an-chuid cinntí suntasacha beartais leighis in SFÉ, lena n áirítear a chuid oibre i dtaca le hatreoraithe vCJD a athrú in 2019, agus MRDI a chur i bhfeidhm in 2022. Lean an Dr. Hervig air ag obair ar an gcéad Samhail Chúraim do leigheas fuilaistriúcháin in SFÉ, obair a thabharfar chun críche go luath in 2023. D'fhágamar slán le beirt dár sainchomhairleoirí freisin, an Dr. Louise Pomeroy agus an Dr. Joan Power, atá tar éis éirí as i ndiaidh blianta fada a chaitheamh ag cur go dúthrachtach le hobair SFÉ. Gabhaim buíochas leo beirt as an obair éachtach a rinne siad, agus guímid saol fada, sásta agus sláintiúil orthu anois agus iad éirithe as. Mar chuid den straitéis TF, chuireamar fáilte lenár bPríomhoifigeach Faisnéise i Mí an Mhárta 2022 atá chun stiúradh a dhéanamh ar ár gclár uaillmhianach i dtaca le TF a athrú, a nuachóiriú agus a leasú.

I mí na Nollag, d'fhógair an Roinn Sláinte plean SFÉ chun Ionad Fuilaistriúcháin Réigiúnaí na Mumhan atá ar thailte Ospidéal Naomh Fionnbarra i gCorcaigh a athfhorbairt, táim ag tnúth go mór leis an tionscadal seo a chur chun cinn in éineacht leis an Roinn agus ár bpáirtithe leasmhara sna blianta atá romhainn.

Ar an drochuair, ní rabhamar in inmhe ár searmanais bronnta Deontóirí a reáchtáil in 2022 dár ndeontóirí lánfhola agus pláitíní. Leanamar fós orainn ag aithint a gcloch mhíle suntasach áfach, i gclinicí do dheontóirí a raibh a 10ú nó a 20ú deonú déanta acu, agus pacáistí bronnta deontóirí dóibh siúd ar éirigh leo a 50ú nó 100 deonú nó níos mó a bhaint amach. Dheonaíomar airgead d'Ospidéal na Leanaí freisin chun a gcuid éachtaí a chomóradh. In ainneoin gach dúshláin, tá tacaíocht iontach léirithe ag ár ndeontóirí agus lean siad orthu ag teacht agus ag deonú in 2022, agus d'fhreastail beagnach 150,000 acu ar ár gclinicí.

Táimid fíorbhuíoch as sin. Beidh searmanas bronnta ar an láthair againn ó Mhí an Mheithimh 2023 ar aghaidh, i ndiaidh bearna trí bliana, agus táimid ag tnúth go mór le haitheantas a thabhairt dár ndeontóirí go pearsanta.

Leanamar orainn ag comhoibriú agus ag forbairt caidreamh lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. Rinneamar obair nach beag i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus chuireamar go mór leis an gComhghuaillíocht Eorpach Fola. Choinníomar ár ndlúthchaidreamh oibre leis na forais fola is gaire dúinn agus thugamar cuairt ar ár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann i Mí an Mheithimh. Leanamar orainn ag obair leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ar ábhair rialála agus ar obair shonrach chun socruithe rialachais a láidriú idir SFÉ, an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais agus an ÚRTS. Leanfar leis an obair seo in 2023.

I ndiaidh don Rúis ionradh a dhéanamh ar an Úcráin i mí Feabhra, rinne SFÉ, agus í i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus Coimisiún na hEorpa, dhá thabhartas dhaonnúla de mhálaí agus imoibrithe fola do Chumann Croise Deirge na hÚcráine. Tá súil againn go raibh siad ina gcabhair, fiú mura ndearna siad ach difríocht bheag.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na baill foirne atá i ndiaidh seirbhís dhílis thiomanta a thabhairt don eagraíocht agus leo siúd a d'éirigh as a róil le linn na bliana. Ba mhaith liom tréaslú leis an gCathaoirleach Deirdre-Ann Barr as a ceapachán i mí an Mheithimh 2022 agus as an gceannaireacht agus tacaíocht a thugann sí i gcónaí. Táim faoi chomaoin ag an mBord, ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus na comhaltaí faoina gcuid iarrachtaí agus tacaíocht dochreidte i rith na bliana agus muid ag leanúint ar aghaidh as seirbhísí á gcur ar fáil againn dár n-othair agus dár ndeontóirí i dtimpeallacht dhúshlánach.

Agus sinn ag dul i dtaithí ar an ngnáthshaol nua, leanfaimid orainn ag tabhairt smaointe nua nuálacha isteach inár gcuid oibre chun sochar ár ndaoine féin, na n-othar agus na ndeontóirí a bhfuil sé de phribhléid orainn obair dóibh. Tá aidhm shoiléir againn agus táimid tiomanta do sheirbhísí sármhaith fola agus fíocháin a chur ar fáil a fheabhsaíonn saol na n-othar trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí, trí shaineolas ár bhfoirne agus trí chomhoibriú leis an bpobal cúraim sláinte.

**Orla O'Brien**

Príomhfheidhmeannach

# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta



Táim buíoch as an bhfáilte chroíúil a cuireadh romham, nuair a ghlac mé le cúraimí an Ollaimh Stephen Field i ndiaidh dó éirí as a phost go luath sa bhliain 2022. Déanaimid tréaslú leis as a chuid oibriú. Is eagraíocht í an SFÉ ina bhfuil an-chuid daoine sárchumasacha agus tá sé mar aidhm choitinn againn go léir chun tuilleadh feabhsaithe agus leathnaithe a dhéanamh ar ár seirbhísí d'othair in Éirinn.

## Grúpa Comhairleach ar Iompar Sóisialta — Measúnú Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI)

Bunaíodh an Grúpa Comhairleach ar Iompar Sóisialta i mí an Mheithimh 2020. Bhí an tOllamh Mary Horgan mar chathaoirleach air, agus i mí Lúnasa 2021 thug an grúpa tuairisc ar a moltaí faoin gcaoi inar chóir do chritéir deontóirí a bhunú ar mheasúnú riosca deontóirí indibhidiúil. Cuireadh na moltaí i bhfeidhm i Márta 2022 leis an eisceacht gur áiríodh gnéas béil mar chritéar eisiaimh fós. Mar sin féin, baineadh amach príomhaidhm na moltaí, an tréimhse iarchurtha d'fhir a mbíonn gnéas acu le fir (FGF) a laghdú ó 12 mhí go 4 mhí.

Bhí baint ag athruithe eile ar na critéir deonaithe le ceistneoir leictreonach a thabhairt isteach. Mar sin féin, ós rud é gur cuireadh moill nárbh fhéidir a sheachaint ar an gcur chun feidhme, leanadh leis an obair chun doiciméad a fhorbairt ina mbeidh an fhaisnéis atá de dhíth chun measúnú riosca indibhidiúil a chur i bhfeidhm. Cuireadh na ceisteanna do dheontóirí i bhfocail i ndiaidh aiseolas a fháil ó ghrúpaí fócais ar a raibh baill den phobal 'aerach, déghnéasach agus Fir a mbíonn Gnéas acu le Fir' (adFGF) agus na pobail LADTA+. D'éirigh le cur chun feidhme MRDI ar an 28 Samhain agus táthar chun dlúthmhonatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na gcritéar roghnóireachta deontóirí nua.

## Paindéim SARS CoV 2 (COVID19) agus an soláthar fola

Lean an phaindéim uirthi ag cruthú dúshláin ollmhóra do chlinicí deonaithe in 2022. Chruthaigh na riachtanais maidir le scaradh sóisialta, tinneas i measc deontóirí agus ball foirne agus fadhbanna praiticiúla ó thaobh deontóirí nua a earcú, dúshláin thromchúiseacha don soláthar fola. Bhí sé riachtanach comhábhair fola a iompórtáil ón RA faoi dhó le linn na bliana. Táimid fíorbhuíoch as an gcabhair seo. Tharla cásanna comhchosúla in an-chuid tíortha agus tá sé tábhachtach a aithint gur tharla an t-easnamh seo in ainneoin na bhfreagairtí iontacha ó dheontóirí, na n iarrachtaí móra ónár mbaill foirne agus in ainneoin comhoibriú agus na tacaíochta ónár gcomhpháirtithe sna hospidéil. Tá tuilleadh sonraí faoi chás na stoc fola le fáil i gcodanna eile den tuarascáil seo.

Chuir SFÉ go mór le séireafhaireachais ar chúrsaí COVID-19 in Éirinn agus tá tionscadal taighde ann a bhaineann leis.

## Plasma

Leanadh le hobair le linn 2022 chun plasma Éireannach a úsáid arís ar mhaithe le fuilaistriú. I gcomhaontú leis na húsáideoirí plasma, socraíodh go bhfuiltear chun

plasma a tháirgeadh ó dheontóirí Éireannacha agus go mbeidh farasbarr an phlasma sin ar fáil ar mhaithe le codánúchán. Braithfidh an t-achar ama ar chomhaontuithe le comhlachtaí códánúcháin plasma.

### Laghdú ar Phataigin

Tá obair leanúnach ar siúl chun modh a bhailíochtú a laghdóidh pataiginí i dtiúcháin pláitíní. Beidh an cinneadh deiridh i dtaca lena chur chun feidhme bunaithe ar thorthaí deiridh an bhailíochtaithe agus ar rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

### Taighde agus Forbairt

Bhí rath mór ar an gcéad chomhdháil idirnáisiúnta a d'eagraigh SFÉ — BloodHIT. Tá na gníomhaíochtaí taighde laistigh de SFÉ ag méadú freisin. Tá cuntas iomlán ar ghníomhaíocht Taighde agus Forbartha le fáil sa Tuarascáil seo in áit eile.

### Gníomhaíochtaí Fíocháin

Leanadh le hobair in 2022 chun Banc Súl na hÉireann a athbhunú. Beidh córas TF ar leith ag teastáil uaidh. Bhí rath ar thabhairt isteach na mbraonta súl séirim allaigineach. Tá an t-éileamh fós níos airde ná an soláthar, agus tá bearta á gcur i bhfeidhm chun an táirgeadh a uasmhéadú.

### Saotharlanna

Éacht mór ab ea é gur bronnadh creidiúnú ISO 15189 ar an tSaotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Fuilchille Deirge (RCI) ar an 15 Nollaig, i ndiaidh go ndearnadh measúnú uirthi i Mí na Bealtaine. Éascóidh sé seo próisis den chineál céanna i saotharlanna SFÉ eile. Mar sin féin, is "creidiúnú beo" é an creidiúnú seo agus tá an-chuid iarrachta ag teastáil chun an stádas a choinneáil. Tugadh an Beckman Coulter PK 7400 isteach sa tSaotharlann Grúpála Uathoibríthe Deontóirí (ADG), is í seo an phríomhuirlis anois i ndiaidh oibre bailíochtaithe éachtaí. Tá an tSaotharlann Víreolaíochta ag cur go mór leis an gClár Náisiúnta Séireafhaireachais. Léiríodh tábhacht an chláir seo le linn na paindéime.

Tá an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht (SNTHI) ag leanúint uirthi ag cur réimse cuimsitheach ard-anailíse ar fáil agus tá modhanna nua á bhfiosrú. Tá obair leanúnach ar siúl chun a bheith páirteach i gCuibhreannas Idirnáisiúnta ar Ghéineolaíocht Ghrúpaí Fola.

### An Chlárlann Smeara

Méadaíodh ar ghníomhaíochtaí na Clárlainne Smeara go mór i ndiaidh feachtais reachtúil chun deontóirí óga a earcú. Tá na sonraí ar fáil in áit eile sa tuarascáil bhliantúil.

### An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (NTAG)

Tá NTAG riachtanach don chomhoibriú idir SFÉ agus na hospidéil. Bhí an comhoibriú seo thar a bheith tábhachtach do shábháilteacht an tsoláthair fola. Nuair a bhí na stoic íseal, dheimhnigh gníomhaíochtaí comhpháirteacha go mbeadh fáil ag othair ar na comhábhair riachtanacha fola i gcónaí.

Chuaigh an phaindéim agus éirí as an Phríomhchomhairleora Chliniciúil i bhfeidhm ar cé chomh minic is a tháinig an grúpa le chéile in 2022. Mar sin, bhí an-chuid cruinnithe le comhoibrithe. Tá na creataí náisiúnta um Rití Fola atá Bagrach don Bheatha á bhforbairt agus tá roinnt treoirlínte eisithe. D'aontaigh FSS agus SFÉ go leanfaí le ról an Phríomhchomhairleora Chliniciúil agus go bhfuil an comhphost le líonadh in 2023.

**An Dr. Tor Hervig**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta



# Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin

## Na príomhrudaí a baineadh amach

- An soláthar Náisiúnta fola a choinneáil le linn bliana fíordhúshlánaí eile.
- I Seirbhísí do Dheontóirí, chonacthas méadú beag de 0.6% ar líon na ndeontóirí a d'fhreastail ar chlinicí in 2022. San áireamh air sin, bhí méadú ar líon na ndeontóirí céaduaire (sa bhreis ar 25%) a d'fhreastail ar chlinicí. Tharla sé seo mar gheall gur cuireadh deireadh leis na bearta sláinte poiblí (scaradh sóisialta srl.) a tugadh isteach le linn phaindéim COVID-19.
- Láimhsigh Seirbhísí do Dheontóirí beagnach 270 míle glao isteach (coinní clinic agus fiosruithe leighis den chuid is mó) agus glaonna amach a bhain le hearcaíocht teileafóin (riachtanais shonracha fuilghrúpaí). Méadú 14.4% ab ea é seo ar an mbliain roimhe.
- Tabhairt isteach an Mheasúnuithe Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI).
- Tuilleadh uileghabhálachta do dheontóirí trasinscneacha agus neamhdhénartha le measúnú ar ghníomhaíocht ardriosca nach bhfuil bunaithe ar inscne.
- Athrú struchtúrtha ar an SFÉ le hoibríochtaí a scoilteadh ina dhá leath, Seirbhísí do Dheontóirí agus Bailiúcháin agus Táirgeadh agus Eisiúint.
- Tugadh isteach córas teileafóin nua sa roinn Seirbhísí do Dheontóirí trí chéile rud a mhéadaigh líon na nglaonna agus fiosruithe a fuarthas agus a d'fheabhsaigh an bhainistíocht a rinneadh orthu.
- Tugadh isteach na gléasanna leighis Hemocue 301 nua, is laghdaíodh go mór an t-am a thóg an próiseas tástála haemaglóibine i gclinicí.
- Láithreacha clinicí a choinneáil ar fáil i mbliain nuair a bhí brú leanúnach ar an soláthar.
- Tacaíocht margaíochta agus earcaíochta do chlinicí áitiúla agus fógraíocht náisiúnta.

### An soláthar fola Náisiúnta a choinneáil

Bhí 2022 ina bhliain dhúshlánach freisin, agus chuir sraith leanúnach d'imeachtaí seachtracha brú breise ar sheirbhísí a bhí faoi bhrú cheana féin leis an éileamh méadaithe ar chomhábhair fola in am nuair a bhí an tseirbhís sláinte ag leanúint uirthi ag teacht aniar ó éifeachtaí COVID-19.

### 'Comhphaindéim' COVID-19 agus an Fliú le chéile.

Bhí sí seo ina chúis le leibhéil shuntasacha bhreoiteachta i measc foirne agus deontóirí agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar acmhainn clinicí agus leis an líon mór coinní a cuireadh ar ceal nó nár freastalaíodh orthu.

D'fhás géarchéim breosla as an gcogadh san Úcráin ó thaobh soláthair agus costais, agus bhí ganntanas láithreacha ann mar thoradh air freisin ós rud é gur tógadh láithreacha ar bhain an SFÉ úsáid astu i gcomhair clinicí roimhe. Bhí margadh fostaíochta cúng ann chomh maith go háirithe i réimsí cúraim sláinte speisialtachta ar nós altranais a chruthaigh deacrachtaí dúinn daoine a earcú dár bhfoirne bailiúcháin. Táimid ag leanúint orainn ag dul i ngleic leis an bhfadhb seo go réamhghníomhach, agus margadh fostaíochta fíoriomaíoch amuigh ansin go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Bhí dúshláin teochta ann mar gheall ar shamhradh fíorthe, maidir le comhábhair ó thaobh lóistíochta clinic agus iompair de.

## Soláthar comhábhar fola

Oibríonn SFÉ go tréan chun a chinntiú go bhfuil soláthar comhábhar fola seasta ar fáil do chóras cúraim sláinte na hÉireann. Is í a sprioc atá againn ná soláthar 7 lá do gach lan-fuilghrúpa agus soláthar trí lá do phláitíní. Dúshlán idirnáisiúnta ab ea é seo agus bhí cuid mhaith seirbhísí fola Eorpacha agus Domhanda ag tabhairt aghaidh ar na fadhbanna céanna. Bhí ar an-chuid tíortha a fhógairt go raibh ganntanas comhábhar fola acu, agus chuaigh sé sin i bhfeidhm go mór ar a seirbhísí náisiúnta sláinte féin.

## Cealla Dearga Lánfhola

Ba é an méid iomlán de chealla dearga ná 124,501 méadú 2.1 % i gcomparáid le 2021.

Bhí dhá achainí náisiúnta ag SFÉ le linn na bliana. Déantar achainíocha náisiúnta chun Foláirimh Amber a sheachaint (córas foláirimh ar aontaigh SFÉ agus an Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú, NTAG air). Mar chuid d'fholáirimh Amber, oibrítear leis na hospidéil go léir ar bhonn náisiúnta chun bearta a chur i bhfeidhm chun fuil a chaomhnú, ionas go seachnófar ganntanas comhábhar fola a d'fhéadfadh cur isteach ar ghníomhaíocht ospidéil laethúil agus ar chúram othar. I dteannta na n-achainíocha náisiúnta, d'iompórtáil an SFÉ fuil ónár bpríomh chomhpháirtí teagmhasach faoi dhó, iompórtáladh 350 aonad i mí an Mhárta, agus 390 aonad i mí na Samhna. Mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo ní dhearna an SFÉ aon fholáireamh Amber a ghníomhachtú i gcaitheamh na bliana.

Leanadh le beartas SFÉ chun béim a leagan ar an ngnáthbhonn taca deontóirí in 2022. Níor reáchtálamar clár náisiúnta margaíochta ar bith. Tosóidh feachtais náisiúnta margaíochta as an nua in 2023 chun deontóirí céaduaire a spreagadh.

Tá tairseach idirlín do dheontóirí ag teacht in 2023 agus ligfidh sé do dheontóirí a gcuid coinní a dhéanamh ar líne. Cinnteoidh sé seo go mbeidh eispéireas éasca le SFÉ ar líne.

## Pláitíní

Tá méadú sa bhreis ar 0.7% ar an éileamh ar Phláitíní i gcomparáid leis an mbliain seo caite.

Níl ach 2,000 deontóir ar an bpainéal deontóirí aifiréise 'beo' i láthair na huaire. Leanfar le hobair earcaíochta chun an painéal pláitíní a leathnú tuilleadh agus tá roinnt tionscnamh ar na bacáin chun an painéal pláitíní a mhéadú.

Le linn 2023, déanfar nuashonrú ar na meaisíní aifiréise go dtí na leaganacha is deireanaí (ó thaobh crua-earra is bogearra) nó tabharfar leaganacha nua isteach. Táthar ag súil go méadóidh sé seo an líon pláitíní a bhailítear.


## Measúnú Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI)

I mí na Samhna, rinne SFÉ athrú suntasach ó thaobh beartais de, thug sí isteach Measúnú Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI) do gach deontóir. Chuir MRDI ar chumas SFÉ na ceisteanna critéar sláinte agus stíle maireachtála céanna a chur ar gach deontóir reatha agus ionchais seachas ceisteanna difriúla a chur ar ghrúpaí difriúla deontóirí. Ciallaíonn sé go gcuirtear iarchur i bhfeidhm bunaithe ar phróifíl riosca shonrach indibhidiúil an deontóra. Ba é seo toradh blianta fada oibre chun aistriú ó mheasúnuithe grúpabhunaithe do ghrúpaí ardriosca. Chuir gach deontóir an-fháilte roimhe. Táimid chun leagan leictreonach den cheistneoir Sláinte agus Stíle Maireachtála páipéarbhunaithe a thabhairt isteach le linn 2023 mar chuid dár n iarrachtaí chun eispéireas deontóirí a fheabhsú leis an SFÉ.


Thionscain Seirbhísí do Dheontóirí córas teileafóin nua néal-PC go luath i mí Mheán Fómhair, rud atá tar éis bainistíocht glaonna agus tréimhsí feithimh a fheabhsú do dheontóirí atá ag iarraidh coinní deonaithe a dhéanamh nó a bhfuil ceisteanna acu.

Tháinig feabhas ar cháilíocht na dtomhas haemaglóibine mar gheall gur tugadh trealamh Hemocue 301 isteach go gach clinic. Tá an trealamh seo mar chuid den phróiseas foriomlán a chabhróidh le cosaint deontóirí atá i mbaol uireasa iarainn nuair a thiteann a gcuid leibhéal faoi bhun na lamháltas socraithe. Laghdaigh an trealamh seo an méid ama a chaitheann deontóir sa chlinic toisc go ndéantar tomhas ar haemaglóibin i bhfad níos tapúla ná mar a rinne na seanghléasanna tomhais.


## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise agus Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne




## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola








## Comhpháirtíochtaí

### Lá Domhanda na nDeontóirí Fola a Cheiliúradh le Vodafone Foundation

Tá comhpháirtíocht fhadbhunaithe idir SFÉ agus Vodafone le blianta fada anuas. Déanann Vodafone urraíocht ar gach teachtaireacht téacs a chuireann SFÉ chuig deontóirí á spreagadh chun coinne a dhéanamh. Seoltar thar ar 6 mhilliún téacs chuig deontóirí gach bliain chun iad a chur ar an eolas faoi chlinicí atá ag teacht go luath. Faigheann deontóirí téacsanna freisin chun a chur in iúl dóibh cár eisíodh agus cathain a eisíodh a ndeonuithe fola.

Seoladh físeán de Phríomhfheidhmeannach SFÉ, Orla O'Brien agus Príomhfheidhmeannach Vodafone mar chuid dár n-ócáidí ceiliúrtha do Lá Domhanda na nDeontóirí Fola 2022. San fhíseán seo, míníodh conas mar a oibríonn an chomhpháirtíocht speisialta eadrainn. Le linn an tseolta seo, roinneamar scéalta ó fhostaithe Vodafone, ar dheontóirí fola iad freisin, ar ár n-ardáin meán sóisialta agus sna meáin náisiúnta. Sna scéalta seo, leagadh béim ar an mbronntanas iontach a thug na deontóirí seo, a dtiomantas chun leanúint orthu ag deonú fola, agus an bealach ina ndeachaigh an gníomh iontach altrúíoch seo i bhfeidhm ar na hothair a fuair na deonuithe seo in Ospidéil ar fud na tíre.







### Seán Gilligan, fostaí de chuid Vodafone Ireland agus deontóir fola.

*"Nuair a thosaigh COVID, gheall mé dom féin go ndeonóinn a oiread agus is féidir. Táim ag deonú i gclinic Stigh Lorgan ó shin. Téim gach 90 lá, sin an tréimhse is lú a chaitheann tú ag fanacht idir dheonuithe. An bhliain seo caite diagnóisíodh go raibh ailse chéim 4 ar m'athair céile. Tá an-chuid máinliachtaí diana déanta air ó shin agus bhí air dul i ngleic le hionfhabhtuithe dí-áirithe, agus le castachtaí eile ó cheimiteiripe. Cinnte, tá a sháith de scanradh bainte as ag an bpointe seo, ach tá sé thar a bheith buíoch as na fuilaistrithe ar fad a fuair sé le déanaí. Tá lúcháir orm a rá, gur chríochnaigh sé a sheisiún deireanach de cheimiteiripe an mhí seo caite agus is mór a bhisigh sé!"*

## Comhpháirtíocht le CLG Chill Dara

I mí na Samhna, reáchtáil SFÉ clinic deonaithe fola le CLG Chill Dara ina raibh imreoirí sinsearacha ó fhoirne idirchontae na bhfear agus na mban rannpháirteach, is thugadar fuil le linn a séasúir dhíomhaoin ó chraobhacha idirchontae. D'fhreastail breis is 80 imreoir agus baill foirne ó bhreis is 20 club i gCill Dara. Chun tacú linn, tá na himreoirí ag cur deonú fola chun cinn ina gclubanna féin ar fud an tséasúir agus tá SFÉ ag reáchtáil clinicí ina gceantair áitiúla.

Bhí lúcháir ar SFÉ a bheith in ann a comhpháirtíocht le Ciste Carthanachta na bhFórsaí Cosanta a athnuachan le ceolchoirm a reáchtáladh sa Cheoláras Náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Bíonn tacaíocht ó na Fórsaí Cosanta an-tábhachtach dúinn go háirithe le linn aimsir dhoineanta, ach ní hamháin seo, is foinse rialta deontóirí pláitíní agus fola iad ós rud é go n-óstálann siad clinicí ag campaí airm éagsúla ar fud na tíre.





Dublin Fire Brigade @DubFireBrigade · Mar 3, 2022
Recruit Class 1/2022 rolled up their sleeves today to help out @Giveblood_ie in their drive for blood donations. The class also heard about the amazing work of @BUMBLEance and the support they provide to children in need #DFBRecruits





### An dara tabhartas málaí fola de chuid SFÉ chun tacú le Cumann Croise Deirge na hÚcráine

I mí na Bealtaine, d'eagraigh an SFÉ an dara lasta málaí do Chumann Croise Deirge na hÚcráine. Seoladh ceithre mhíle mála fola ó mhonarcha sa Pholainn go dtí an pointe trasnaithe teorann ar theorainn na Polainne/na hÚcráine chun iad a chur ar aghaidh chuig Cumann Croise Deirge na hÚcráine a luaithe agus ab fhéidir.



## Feasacht ar Dheonú Fola

### Na Meáin Shóisialta

Bhí na hardáin meán sóisialta atá in úsáid ag SFÉ fós ag tacú le cumarsáid agus teagmháil le deontóirí. Le linn na bliana, mhéadaigh an lucht féachana atá ag SFÉ ar na ceithre ardán meán sóisialta atá in úsáid aici Facebook, Instagram, LinkedIn agus Twitter. Is iad Instagram agus LinkedIn na hardáin is mó fás do SFÉ.





### Feachtas O Diúltach (an fuilghrúpa uilíoch)

Agus sinn ag druidim leis an Nollaig, seoladh feachtas gairid chun líon na ndeontóirí O diúltach a mhéadú. Dhírigh an fhógraíocht isteach ar an ngá atá le deontóirí O diúltach toisc go bhfuil éileamh ar an bhfuilghrúpa seo i gcónaí. Spreagadh deontóirí leis an bhfuilghrúpa seo chun coinne a dhéanamh ag a gclinic áitiúil. Beidh an bhéim fós ar earcaíocht deontóirí O diúltach agus fógraíocht bunaithe air toisc go mbíonn ardéileamh ar an bhfuilghrúpa seo i gcónaí. Is ionann fuil O diúltach agus 14% den fhuil a eisítear d'ospidéil, ach ní dheonaíonn ach 8% den daonra a bhfuil fuil O diúltach acu a gcuid fola.

### Tacaíochtaí do Chlinicí áitiúla agus Seanchairde a tháinig ar ais

Dúshlán fós ab ea láithreacha a fháil ach bhíomar in ann filleadh ar roinnt láithreacha áitiúla (ár seanchairde). Tógfaidh sé am chun na painéil deontóirí seo a líonadh arís ach cuireadh tús leis an bpróiseas nuair a tháinig roinnt láithreacha clinic aon-lae ag ar ais. Cuireadh tús arís le roinnt clinicí ar champais coláistí amhail UCD agus UCC. Tá sé mar aidhm ag SFÉ 15,000 duine a chur leis an mbonntaca deontóirí in 2023.



## www.giveblood.ie

Is é suíomh idirlín giveblood.ie ár bhfoinse eolais do dheontóirí reatha agus ionchais. Thug breis is 363,000 duine cuairt ar ár suíomh idirlín i gcaitheamh na bliana. Ba iad na rannóga 'Aimsitheoir Clinic' agus 'Tráth na gCeist Incháilitheachta' na leathanaigh is mó ar tugadh cuairt orthu. Cuireadh feabhas ar giveblood.ie nuair a cuireadh rannóg chliniciúil agus taighde leis do ghairmithe sláinte.








## Pacáistí Bronnta Gradaim Deontóra

Fuair 891 deontóir a ngradam agus a bpacáistí as 50 deonú a thabhairt, agus fuair 157 deontóir a ngradam agus a bpacáistí as 100 deonú tarrthála a thabhairt. Cuirfear tús arís le searmanais bronnta deontóra ar an láthair in 2023.



# Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Slabhra Soláthair & Lóistíocht, Tacú Eolaíochta & Forbairt Comhábhar

## Na príomhrudaí a baineadh amach

- Próiseas anailíse roghnaithe curtha i gcrích chun eolas a dhéanamh d'úsáid plasma Éireannaigh sa todhchaí.
- Caomhnaíodh stoic fhola ar fud an tslabhra soláthair, a d'fhág go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais an othair i gcónaí.
- Caomhnaíodh feidhmeanna líne thosaigh le linn phaindéim COVID-19. Bhí ardleibhéal dúthrachta, solúbthachta agus comhlíonta ann i measc na bhfoirne ar fad.
- Rinneadh obair le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha le húsáid na gcomhábhar fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú le haghaidh na ngrúpaí othar ar fad.
- Rinneadh trealamh próiseála fola a uashghrádú go straitéiseach chun cumas próiseála úrscothach chomh maith le dea-chleachtas oibriúcháin a choimeád ar bun trí mhear-reoiteoirí plasma le tréchur ard atá le cur in ionad na gceann a bhí ann cheana.
- Cuireadh tús le bailíochtú teicneolaíochta a dearadh chun pataiginí i bpláitíní a laghdú.
- Cuireadh tús le flít nua theochtrialaithe a chur in ionad an tseanchinn san Ionad Fola Náisiúnta agus san Ionad i gCorcaigh. Mar chuid de seo, tabharfar isteach dhá chábán nua foirne chun an fhoireann i gclinicí a iompar.

Tá an fheidhm Táirgthe Comhábhar freagrach as gach deonachán fola iomláine, linnte pláitíní agus deonachán aifiréise pláitíní a fhaightear go náisiúnta a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce.

Tá an fheidhm Seirbhísí Ospidéil freagrach as fardal a bhainistiú agus ordaithe fola agus orduithe táirgí fola a fháil ó ospidéil agus a eisiúint chucu.

Tá freagracht ar na feidhmeanna Slabhra Soláthair & Lóistíochta as tacú le riachtanais inmheánacha agus seachtracha gnó.

Tá an Fhoireann don Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar freagrach as gach táirge pláitíní, táirge lánfhola neamhghnáthaimh agus táirge fuilchille deirge a eisítear ó Ionad Fola Náisiúnta a bhainistiú. Cuireann an fhoireann sin tacaíocht eolaíoch ar fáil go laethúil freisin le haghaidh ranna éagsúla agus tá an fheidhm forbartha táirgí mar chuid dá ról.

### Gníomhaíocht Comhábhar Fola


Bhí ardú ar an líon cealla dearga (+2.1%) agus pláitíní (+0.7%) a eisíodh chuig ospidéil i 2022 i gcomparáid le 2021. D'athraigh an t-éileamh i gcaitheamh na bliana, ach mar sin féin, tháinig méadú i rith na bliana ar an éileamh ar chealla dearga agus pláitíní i gcomparáid le 2021.

Iompórtáladh aonaid fhuilcheall dearg ó NHS Fuil agus Trasphlandú faoi dhó chun tacú le stoic fola, i mí an Mhárta agus i Mí na Samhna. Chun tacaíocht fola do chúram othar a chinntiú, iompórtáladh 740 aonad san iomlán.


### Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaineacha

Bhí ardú ar na táirgí míochaineacha a eisíodh i 2022 i gcomparáid le 2021. Bhí ardú 8.2% ar an LG-Octaplas a eisíodh agus ardú 6.8% ar an Riastap (Fibrinigin) a eisíodh.


**Fuilchealla Dearga a Eisíodh 2018 go 2022**




**Pláitíní a Eisíodh 2018 go 2022**




**Eisiúintí LG-Octaplas agus Riastap 2018 go 2022**



# Tástáil

## An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD)

Cuimsíonn an SNSD trí shaotharlann tástála deontóra: Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (ADG), Víreolaíocht agus Tástáil Aigéid Núicléasaigh (NAT). Tugann an comhoibriú leathan seo idir na trí shaotharlann tástála deontóra an cumas chun anailís sreabhadh oibre barrmhaitheasa a dhéanamh, úsáid straitéiseach an phríomhphearsanra eolaíochta, uasoiliúint pearsanra eolaíochta in iliomad disciplíní, méadú ar thaighde agus forbairt sna réimsí ar fad agus tuilleadh seirbhísí tástála a chur ar fáil do SFÉ.

### I measc na bpríomhéachtaí a bhain an SNSD amach, áirítear:

- Chuir an tsaotharlann ADG tionscadal fíorshuntasach i gcrích in 2022 nuair a rinneadh bailíochtú ar phríomhanailíseoirí fuilghrúpaí PK7400 agus tugadh isteach sa ADG iad i Mí na Samhna 2022. Rinne ADG tástáil ar bhreis is 18,000 sampla le linn na gníomhaíochta tástála seo, agus chuir sé faisnéis nua luachmhar ar fáil don soláthraí agus tá nuashonruithe déanta ar threoracha úsáide na huirlise mar thoradh.
- Chuir dul chun cinn an chláir trasoiliúna tacaíocht trasfheidhme ar fáil idir na foirne sna trí roinn rud a chabhraigh go mór le foireann aontaithe agus chomhoibreach a chruthú sa SNSD.
- Bronnadh an dara Gradam PWC d'fhoireann Ghnó Inbhuanaithe na bliana ar an SNSD mar aitheantas dóibh as an deimhniú glas is airde a fháil ó My Green Lab, eagraíocht neamhbhrabúis atá i dtús cadhnaíochta maidir le hinbhuanaitheacht saotharlainne dhomhanda a fheabhsú. Cuid thábhachtach de straitéis inbhuanaitheachta SNSD in 2022 ab ea an deimhniú Green Lab a bhí aici a choinneáil agus a fheabhsú. Rinne an tsaotharlann Víreolaíochta bailíochtú ar dhá mheasúnú scagthástála Maláire, agus úsáidfear ceann amháin díobh chun tástáil maláire a dhéanamh ar dheontóirí fola rud a thionscnófar in 2023.
- Bhí an fhoireann Víreolaíochta rannpháirteach i staidéar chun na leibhéil iarainn haemaglóibine agus feiritine i ndeontóirí fola Éireannacha a fhiosrú.
- Rinneadh maoirseacht ar roinnt tionscadal taighde tríú-leibhéal i Víreolaíocht. Áiríodh leo sin:
  1. Bailíochtú ar an measúnú scagthástála antasubstaintí Architect Chagas agus a dhéanamh amach an bhfuil sé indéanta náisiúnaigh Bhrasaíleacha a cheadú chun fuil a dheonú in Éirinn.
  2. Meastóireacht a dhéanamh ar shéirealeitheadúlacht antasubstaintí cainníochtaí i gcoinne SARS-CoV-2 i ndeontóirí fásta (mar chuid den chlár náisiúnta Séireafaireachais COVID 19 i gcomhair leis an Aonad Séireipidéimeolaíochta (SEU) sa Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC)).
- Oiliúint agus rannpháirtíocht i bhfoireann iniúchta idirnáisiúnta atá bunaithe ar riachtanais ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán).
- Chuir foireann SNSD clár píolótach barainne i gcrích bunaithe ar oiliúint agus cóitseáil Barainne Six Sigma agus ar dheimhniú creasa bhuí a bhaint amach. Mar chuid den chlár seo, tá laghdú 99% tagtha ar ídiú cumhachta (66,231 kWh go 548 kWh) agus astaíochtaí $CO_2$ (24,039kg de $CO_2$ go 192 Kg $CO_2$), mar thoradh ar athbhreithniú ar sheacht gcaibinéad bithshábháilteachta, chomh maith le laghdú 71% ar chostais oibriúcháin bhliantúla ó €21,252 go €5,076.

## Gníomhaíocht Saotharlainne SNSD

In 2022, rinne an SNSD tástáil ar 138,651 deonachán, agus tháinig 131,894 acu sin ó dhaoine ar dheontóirí athfhillteacha iad (95%) agus 6,757 (5%) acu ó dheontóirí céaduaire. Lena chois sin, rinneadh tástáil ar 926 deontóir nua nár thug ach sampla.


Rinneadh gach deonachán a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- ADG: ABO/Rh, feinitíopa breisithe Rh (CcEc), scagthástáil antasubstainte deontóra agus A/B ardtítir


Rinneadh tástáil ar dheonuithe roghnaithe do chineálacha breisithe antaigine ADG.

- Víreolaíocht: Antasubstaint a bheith ann in aghaidh Víris Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-Veid 1 / 2), antasubstaint i gcoinne víris Heipitíteas C (frith-HCV), antasubstaint in aghaidh víreas Daonna T-Limfeatrópach chineál I agus II (frith-HTLV-I/II) antasubstaint in aghaidh chroíleacán Heipitíteas B (frith-HBc), Antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Sifilis).
- NAT: Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna chineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC) agus víreas Heipitíteas B (VHB), víreas Heipitíteas E (VHE) Rinneadh deonuithe roghnaithe a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:
- ADG: Cineálacha breisithe antaigine: haemaglóibin S, scagthástáil nuabheirthe le haghaidh antasubstaintí. Déantar deontóirí a thíopáil le haghaidh cineálacha breisithe antaigine (Fya/b, Jka/b, M, S/s) le haghaidh orduithe mar is gnáth ón ospidéal agus, chomh maith, chun feinitíopaí níos neamhchoitianta nó

**Líon na dtástálacha cineálacha breisithe antaigine a rinneadh**




**Céatadán na ndeonachán a tíopáladh le haghaidh feinitíopa breisithe**



meascáin de chineálacha diúltacha antaigine a shainaithint. Baineann sin de ghnáth le hothair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistrithe acu amhail galar corráncheallach, antasubstaintí iolracha fuilcheall dearga agus le fuil atá meaitseáilte go próifiolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí fuilcheall dearga.

- Víreolaíocht: Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall ar 80% de dheonuithe) ionas go mbeidh soláthar deonachán atá CMV diúltach ann do na hothair atá i mbaol aimhréidhe ionfhabhtú CMV m.sh. othair imdhíon-lagaithe.
- NAT: Rinneadh scagthástáil ar dheonuithe roghnaithe do Víreas na Níle Thiar (WNV) ó Bhealtaine go mí na Nollag 2022. Rinneadh an tástáil ar dheonuithe a thaistil chuig ceantar a raibh baol WNV ag baint leis le linn na 28 lá roimhe.

Tá dhá uirlis in úsáid in ADG: Úsáidtear PK7400 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Córais haemaiteolaíocht imdhíonachta atá sa dá uirlis agus úsáideann an dá cheann acu teicnicí haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréchur ard é an PK7400 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha. Baintear úsáid as teicnící láimhe d'fhonn antasubstaint a aithint agus tréithe corráin a thástáil.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáil le Córas Abbott Alinity s, arb anailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréchur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta ceimealonraí (CMIA) a úsáid le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair.

Déanann saotharlann NAT tástáil ar Dheonacháin Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) HEV agus WNV. Is córas dúnta iomlán uathoibrithe é an gaireas Panther a úsáidtear le haghaidh tástáil NAT. Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix UE chun RNA HIV-1/2 RNA, RNA HCV agus DNA HBV a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Aimsíonn measúnacht Procleix HEV RNA HEV. Déanann measúnacht WNV leibhéal íseal RNA WNV (ginealach 1 agus 2) a bhrath go hiontaofa i ndeonuithe fola.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla i SFÉ, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir tástála rianaithe faighteoirí.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Measúnaithe Cáilíochta Seachtracha (EQAS)

Ghlac SNSD páirt i roinnt EQASanna. Fuair gach roinn in SNSD torthaí sásúla ina EQA ábhartha. Bíonn ADG páirteach i dtrí scéim NEQAS agus i scéim EDMS amháin gach bliain. Is é atá i gceist leis sin ná 19 beart séireolaíochta ar leithligh agus 6 bheart maidir le haemaglóibin neamhghnách.

Bíonn an roinn Víreolaíochta páirteach i dtrí cinn de chláir oilteachta: ceann amháin a scaipeann Seirbhís Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) don Mhicribhitheolaíocht, an dara ceann ón NRL, an Astráil agus ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (EDQMNAT). Tugadh 25 beart oilteachta chun críche ina n iomláine in 2022 i Víreolaíocht, is rinneadh measúnú ar gach marcóir a tástáladh sa tsaotharlann.

Ghlac saotharlann NAT páirt i seacht gclár oilteachta: ceann amháin a chuir NRL, an Astráil ar fáil, ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Mhíochaine & Cúram Sláinte (EDQM), ceann ó Rialú Caighdeáin do Dhiagnóisic Mhóilíneach (QCMD), RA agus péire ón Lárionad Náisiúnta um Míochaine a Rialú agus a Mheas (CNCF), an Iodáil. Tugadh trí chleachtadh oilteachta déag chun críche ina n-iomláine i saotharlann NAT in 2022. Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais a ritheann an tAonad Eipidéimeolaíochta/Gníomhaireacht Cosanta Sláinte de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte Fola agus Trasphlandaithe (NHSBT) RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí frithghníomhaithe leantacha agus ar na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealaimh tástála ag baint úsáid as uimhreacha éagsúla luchtóige imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí frithghníomhaithe.

### Tástáil Teagmhais SNSD

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála atá in SNSD, tá plean don tástáil sheachtrach ag SFÉ le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na huirlisí nó ar an láthair. D'éirigh le SNSD páirt a ghlacadh in dhá bheart in 2022, faoinar seoladh samplaí ó 24 deontóir i gcomhair tástála agus d'éirigh go maith leis. Níorbh éigean an plean a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

### Iniúchtaí SNSD

Glacann an tsaotharlann SNSD páirt fosta i roinnt clár don Iniúchadh Inmheánach agus Seachtrach chun comhlíontacht leis an gCóras Bainistíochta Cáilíochta (QMS) a chinntiú. Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (QA) SFÉ agus Saotharlann SNSD iniúchadh ar phróisis agus nósanna imeachta SNSD.

### Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Chill Dhearg (RCI)

Cuireann an tSaotharlann RCI seirbhísí fairsinge réamhaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

## Na príomhrudaí a baineadh amach

### Éachtaí taighde agus oideachais

- Rinne RCI comhaontú le hOllscoil Minnesota agus thosaigh sí ag glacadh páirt i Staidéar BEST: Measúnú Toirtmheasctha ar alla-antasubstaint D, atá le tosú in 2023.
- Cur i láthair Póstaer: Cuireadh an "Brath agus Toirtmheascadh IgG Frith-A/B imdhíonach in ABO HDFN" i láthair ag BloodHIT.
- Chuir an RCI tús leis an gcéim scóipe chun tástáil an druga Magrolimab/frith-CD47 a bhailíochtú agus a fhorbairt.
- Leanann an RCI uirthi ag freastal ar iarratais chustaiméirí ar shamplaí a úsáideadh i dtionscadail ar fud na tíre.

### Éachtaí na Saotharlainne

- Bronnadh creidiúnú ISO15189 ar shaotharlann RCI i mí na Nollag. Rinneadh forbairtí agus feabhsuithe móra mar ullmhúchán d'imscrúdú INAB i mí na Bealtaine 2022 agus do chreidiúnú ISO15189 ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2022. Áirítear orthu seo::
  - Ullmhúcháin d'imscrúdú réamh-mheasúnaithe Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) agus gníomhartha a críochnaíodh i ndiaidh na tuarascála réamh-mheasúnaithe
  - Ullmhú na ndoiciméad gaolmhar do dhátaí an mheasúnaithe i mí na Bealtaine
  - Cur chun críche na ngníomhartha riachtanacha i ndiaidh measúnaithe i mí na Bealtaine

### Príomhéachtaí saotharlainne eile a baineadh amach:

- Cur chun críche an tsuirbhé ar shásamh na gcustaiméirí
- Athbhreithniú ar an bPróiséas Grúpála de Láimh
- Cruthú riachtanas fíorúcháin in RCI
- Forbairt beartais RCI ar naisc agus spleáchais
- Forbairt scéime comparáide idirshaotharlainne chun teicníc cóireála DTT a chur san áireamh
- Forbairt an bheartais trealaimh
- Cuireadh an nuashonrú bogearraí ar an anailíseoir uathoibrithe Ortho Vision i gcrích i R4 2022

### Gníomhaíocht saotharlainne

Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil i Saotharlann RCI tá na seirbhísí a leanas:

- fuil atá crosmheaitseáilte a chur ar fáil d'othair a bhfuil antasubstaintí coimpléascacha acu;
- fiosrú ar antasubstaintí fuilcheall dearga lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha;
- fiosrú ar fhrithghníomhartha haemalaíocha de bharr fuilaistrithe;
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí de ghrúpaí fola;
- fiosrú ar othair a bhfuil tástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine acu;
- fiosrú ar ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch;
- fiosrú ar thrasnaíocht antasubstainte monaclónaí;

- fiosrú ar ghalar haemalaíoch i bhféatais & naíonáin nuabheirthe (HDFN);
- scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí fuilcheall dearga chun toircheas i mbaol a aithint; (cainníochtú antasubstaintí agus/ nó toirtmheascadh antasubstaintí de réir mar is iomchuí);
- fuil oiriúnach a chur ar fáil ag an mbreith i gcás toirchis i mbaol;
- feinitíopáil bhreisithe le haghaidh othair atá ag brath ar fhuilaistriú agus othair a bhfuil antasubstaintí coimpléascacha fuilcheall dearga acu;
- feinitíopáil ar fhuilchealla dearga deontóirí nuair a iarrtar;
- comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil;
- fuil neamhchoitianta a iompórtáil d'othair ainmnithe
- seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta
- seirbhísí bainc fola ospidéil a chur ar fáil le haghaidh Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire agus Ospidéal Súl agus Cluas Victoria Ríoga.

Tástáladh 2598 sampla san iomlán i Saotharlann RCI, laghdú 4.3% ar fhigiúirí 2021, ach bhí méadú breise ar atreoruithe in 2022 i gcás othair a fuair Daratumumab mar chóir leighis i gcoinne mialóma iolrach (méadú 21.5%). bhí méadú suntasach in 2022 ar iarratais taobh amuigh d'uaireanta gnó (méadú 9.3%).



## Comparáid idir líon samplacha 2021 agus 2022

| | Líon iomlán na samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Antasubstaint ID | Líon Frith-D | Líon Frith-C | Trasnaíocht Mhonaclónach | Tástáil Chomhoiriúnachta Iomlán | Tástáil Chomhoiriúnachta Coimpléisc | Samplaí ar glaoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2021** | 2712 | 3 | 1844 | 394 | 171 | 312 | 1150 | 1140 | 215 |
| **2022** | 2598 | 8 | 1718 | 387 | 142 | 387 | 859 | 849 | 236 |
| **(%)** | **-4.3%** | **+90.9%** | **-7.1%** | **-1.8%** | **-18.5%** | **+21.5%** | **-29.0%** | **-29.3%** | **+9.3%** |

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, fuarthas ardleibhéal leanúnach de shamplaí casta nó neamhchoitianta ó thaobh na séireolaíochta de. D'aithin an tSaotharlann RCI na samplaí casta seo a leanas, cuid acu a raibh al-la-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint a Aithníodh | Líon Samplaí | Líon Othar |
|---|---|---|
| Frith-Ce | 5 | 5 |
| Frith-Ch/Rg | 26 | 8 |
| Frith-G | 42 | 16 |
| Frith-Kna | 1 | 1 |
| Frith-P1 | 5 | 5 |
| Antasubstaintí eile HTLA | 5 | 4 |
| Imdhíonach Frith-B | 4 | 3 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 37 | 28 |
| Bainteach le CR1 | 3 | 3 |
| Frith-Wra | 13 | 5 |
| Frith-Leb | 12 | 12 |
| Frith-Lea | 27 | 18 |
| Frith-Kpb | 2 | 1 |
| Frith-Lua | 13 | 7 |
| **Iomlán** | **195** | **116** |

Othair réamhbhreithe atá i gcuid mhór de na hothair seo agus, mar aon leis an antasubstaint fuilchille deirge a aithint, rinneadh bainistiú ar an mbaol HDFN agus ar na riachtanais fola a d'fhéadfadh a bheith ag an máthair agus ag an leanbh araon. Toradh dearfach a bhí ann don mháthair agus don leanbh.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh lena fardal de Chealla Neamhchoitianta Tagartha agus Antaiséirim a fhorbairt (trí bhallraíocht den líonra Idirnáisiúnta Malartaithe um Shéirim, Cealla agus Sreabháin Neamhchoitianta (SCARF) agus de Mhalartán Ceall na Ríochta Aontaithe). Cuireadh barr feabhais ar a modheolaíochtaí tástála chun iad a chur in oiriúint do na hathruithe ar dhéimeagrafaigh phobal na hÉireann.

### Fuil/Táirgí Neamhchoitianta a Iompórtáil

Iompórtáladh naoi n-aonad neamhchoitianta san iomlán ó áiteanna thar lear d'othair RCI i ndiaidh gur aithníodh go raibh na hantasubstaintí neamhchoitianta frith-U agus frith-Kpb acu. Iompórtáladh seacht U-aonad agus dhá Kpb-aonad do dhá othar.

### Rannpháirtíocht i scéimeanna dearbhaithe cáilíochta seachtracha

Tá an tsaotharlann RCI rannpháirteach i dtrí cinn de scéimeanna éagsúla um dhearbhú cáilíochta; ceithre bheart in IEQAS, ceithre bheart in AQQAS agus 10 mbeart in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS san fheinitíopáil fuilcheall dearga, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, tá an tsaotharlann RCI páirteach i scéimeanna comparáide idir-shaotharlainne do theicnicí eisionnalta, toirtmheasctha antasubstaintí, teicnicí asúcháin toirtmheasctha antasubstaintí agus teicnící neodrúcháin. Bhí na torthaí go léir a fuarthas sásúil.

## Saotharlann Diagnóisice Chorcaí


Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha haemaiteolaíocht imdhíonachta agus saotharlainne ar fáil. Cuirtear na chéad chinn ar fáil d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), Ospidéal Naomh Fionnbarra, Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire, chomh maith le seirbhísí tagartha haemaiteolaíocht imdhíonachta agus saotharlainne do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Míochaine agus Oifigigh Sheolta ar an láthair 24/7 agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Sainfhoireann Leighis agus ag Haemaiteolaí Comhairleach.

Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: déanann Ionad Chorcaí grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sé cealla dearga trasmheaitseáilte agus comhchodanna eile d'othair ar leith. Cuireann sé comhairle saotharlainne agus chliniciúil ar fáil do na hothair seo. Imscrúdú frithghníomhartha féideartha aistrithe fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fuil Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhchodanna.
- Ina ról mar shaotharlann tagartha, fiosraíonn an tIonad i gCorcaigh tíopáil chasta nó aimhrialta fuilcheall dearga, tíopáil bhreisithe d'othair spleácha aistrithe fola, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/naíonáin nuabheirthe, agus antasubstaintí casta a chuireann fuilchealla dearga crosmheaitseáilte (feinitíopáilte) agus trasmheaitseáilte breisithe ar fáil do na hothair seo. Féadfar gur gá uaireanta an chloig a chaitheamh chun samplaí ar leith a fhiosrú ina n-iomláine sna cásanna seo agus tá seans ann go mbeadh gá le scagthástáil a dhéanamh ar dheonuithe nuair nach bhfuil fuilchealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. B'éigean sampla ó chúigear othar a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí sa tsaotharlann idirnáisiúnta tagartha um ghrúpaí fola (IBGRL) i mBriostó, agus cuireadh 96 sampla eile ar aghaidh chuig an ionad náisiúnta fola le géinitíopáil a dhéanamh orthu. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún.
- Mar shaotharlann tagartha, in Ionad Chorcaí fiosraítear othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí fuilcheall dearga iontu agus déantar a gcúram a rianú i rith an toirchis chun an soláthar fola meaitseáilte don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil.
- Bainistíonn foireann na Saotharlainne Diagnóisice an stoc comhábhar speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhábhar pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gcóras orduithe leictreonach (EOS) maidir le fuilchealla dearga thíopa antaigine, comhábhair fola ionradaithe agus comhábhair fola do linbh.
- Ós iad na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, cuireann eolaithe na saotharlainne diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhábhair fola agus is iad an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a atreoraítear chuig na baill foirne leighis.
- Baineadh amach feidhmíocht shásúil i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta le linn na bliana.

**Gníomhaíocht Saotharlainne Diagnóisice 2022**

Líon iomlán samplaí a fuarthas i 2022: 3854 (2021: 3509). Bhí an méadú ar líon na samplaí mar thoradh díreach ar an méadú ar ghníomhaíochtaí san ospidéal.




## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíonghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann an tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíonghéineolaíochta (SNTHI) réimse cuimsitheach seirbhísí tástála cliniciúla ar fáil a ceapadh chun tacú leis na cláir aistrithe gascheall allaigineach haematapóéiseach (HSTC) in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Is féidir TGFA a úsáid chun leoicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Déanann an tsaotharlann amach an cineál antaigine leocaicíte daonna (HLA) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) sula ndéantar trasphlandú chun cabhrú le deontóir a roghnú. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha atá bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) amháin chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní HLA a shainiú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte HLA. Déanann SNTHI tús le tíopáil HLA ardtaifigh le haghaidh 11 loci HLA (HLA-A, B, C, DRB1/3/4/5, DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú don Chéad Ghlúin Eile (NGS) a dhéanamh le hardáin Illumina MiSeq.

Tá clár leathan dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann a chuimsíonn rannpháirtíocht i gcláir tástála oilteachta inmheánacha agus seachtracha araon do thíopáil HLA, géinitíopáil antaiginí pláitíní daonna (HPA) agus fiosrúcháin antasubstaintí HLA. Tá SNTHI creidiúnaithe ag an gCónaidhm Eorpach um Imdhíonghéineolaíochta (EFI) ó 2001.

Rinne SNTHI tíopáil HLA ar shamplaí ó 260 othar Éireannach le haghaidh trasphlandaithe féideartha gascheall haematapóéiseach i 2022 agus rinneadh tíopáil HLA ar 420 duine den teaghlach chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara. Tíopáladh 385 sampla ó dheontóirí féideartha neamhghaolmhara d'othair Éireannacha in 2022. Cuireann SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíonghéineolaíochta ar fáil do Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ). Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, tá ceist ar Cheistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála (HLQ) na ndeontóirí fola do dheontóirí ar aois idir 18-25 ag fiafraí díobh an mbeadh dúil acu clárú leis an gclárlann smeara. Mar gheall air sin, tá méadú an-suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí atá ag clárú, agus chláraigh 2,441 deontóir nua san iomlán in 2022.

**Líon na nOthar Éireannach a fuair TGFA ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2013–2022**





Rinneadh 56 trasphlandú ó dheontóirí neamhghaolmhara. Le 10 mbliana anuas, tá CSNÉ tar éis 539 thrasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha. Ina theannta sin, bhí 303 deontóirí pláitíní de chineál HLA-A agus -B ann san iomlán, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrmhaithe pláitíní do na hospidéil.

Fuair SNTHI 1,561 sampla mar chuid d'fhiosruithe cliniciúla. Chomh maith leis an tacaíocht do na cláir trasphlandaithe gaschille, cuireann SNTHI seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní ar fáil d'fhiosrú séireolaíoch ar trombaicítipéine nuabheirthe alla-imdhíonach (NAIT), galar corcra iar-fhuilaistrithe (PTP), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar thrasphlandú. Líon na n-imscrúduithe do NAIT in 2022 (n=23).

Cuireann SNTHI seirbhís rialta um thíopáil HLA gaol galair ar fáil. Bhain 3,671 ceann (44.5%) de na 8,243 sampla a fuarthas le haghaidh tástála sa SNTHI leis an tseirbhís sin. Cuirtear ar aghaidh an chuid is mó de na samplaí (79%) le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil HLA-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha. Cuireann an tseirbhís tíopáil HLA ar fáil le haghaidh Galar Céiliach (DQ2/DQ8, 1.7%), Ghalar Behcet (B*51, 4.8%), Frithghníomh Hipiríogaireachta de bharr Abacavir (B*57:01, 10.4%), Narcailéipse (DQB1*06:02, 0.9%), eitineachóróideapaite Birdshot (A*29, 1.2%), Géarheipitíteas trom i bpáistí (DRB1*04, 1.4%) agus Meileanóma Meiteastáiseach na hÚibhé (A*02:01, 0.7%).

**Iniúchtaí Cliniciúla SNTHI**





## An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (BGGL)

Déantar Grúpa Fola Móilíneach a thíopáil sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola de chuid na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta san Ionad Náisiúnta Fola. Is é an cuspóir atá leis ná seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun grúpaí fola a dhéanamh amach.

Cuireann an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola seirbhís ar fáil do na nithe seo a leanas:


- Scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais
- Fiosrú ar Ghéinitíopa D lag
- Fiosrú ar Athraitheach *RHD*
- Fiosrú iomlán ar Ghéinitíopa RBC
- Fiosrú ar Athraitheach *RHCE*

Úsáidtear tástáil bunaithe ar DNA níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuar agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin. Má chuirtear fuilchealla dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.

Le modhanna íogaire, amhail imoibriú slabhrúil polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), cuirtear ar fáil an cumas leibhéil an-íseal DNA a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in DNA atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.

Fuarthas 3,927 sampla sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola don scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais ó 7 n-ospidéal éagsúla ar fud na tíre. Sna torthaí don scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais, aithníodh 57.9% mar *RHD*-deimhneach, 35.6% mar *RHD*-diúltach, agus 5.8% mar neamhchonclúideach. Tháinig ardú ar na hatreoruithe do *RHD* Féatais de 23.7% ó na 3,174 sampla a tástáladh in 2021. Tá na torthaí ón scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais ar fáil go leictreonach trí Medibridge d'ospidéil atreoraithe agus bailíochtaíodh é le húsáid ag an Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles.


**Líon Scagthástálacha *RHD* Féatais go Míosúil 2022**





Le dearbhú móilíneach ar fhuilghrúpaí, cuirtear ar fáil modh cumhachtach a sháraíonn an-chuid de na teorainneacha a bhaineann le modhanna séireolaíocha, chomh maith le tíopáil ar ghléine níos airde a chur ar fáil don tíopáil fuilghrúpaí (m.sh. athraithigh *RHD* agus *RHCE*, sóchán $FY_{GATA}$).

Go dtí seo, aithníodh 44 Córas Fuilghrúpa Daonna, clónáladh a ngéinte agus tá an bonn móilíneach le hantaiginí aonair déanta amach; tá 354 antaigin fuilcheall dearga le fáil sa 44 Córas Fuilghrúpa. Rinne an tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola tástáil ar 734 sampla ar an iomlán mar chuid d'fhiosrú ar Ghéinitíopa D lag; fiosrú ar athraitheach *RHD*; fiosrú iomlán ar Ghéinitíopa RBC; agus fiosrú ar Athraitheach *RHCE*. Méadú 11.7% ar an mbliain seo caite.

**Atreoruithe Géinitíopa Fuilcheall Dearga 2022**





# Seirbhísí Eile

## Seirbhísí Fíocháin

Tá banc fíocháin SFÉ lonnaithe san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Comhlacht fíocháin ceadúnaithe is ea é seo agus tá ceadúnas dea-chleachtais déantúsaíochta aige chun braonta súl séirim a tháirgeadh a aicmítear mar tháirge míochaine díolmhaithe.

Tá sraith de sheomraí glana sna saoráidí, rud atá riachtanach chun fíochán daonna deonaithe a phróiseáil agus a thástáil agus chun braonta súl séirim a tháirgeadh. Cuireann an tseirbhís seo fíochán daonna ar fáil do raon leathan ospidéal. Is ó dheontóirí Éireannacha a thagann roinnt den fhíochán, ach ní mór fíochán eile a fháil ó bhainc fíocháin san Eoraip nó a iompórtáil ó SAM. I measc na dtáirgí fíocháin atá ar fáil, tá fíochán súile, fíochán cardashoithíoch, fíochán matánchnámharlaigh agus craiceann.

Buaicphointe na bliana 2022 ab ea é nuair a bhronn an ÚRTS Údarú Déantóra orainn chun braonta súl séirim allaigineach a tháirgeadh mar tháirge míochaine díolmhaithe. Is mar thoradh ar thuarascáil dhearfach a fuarthas i ndiaidh imscrúdú 3 lá i mí Aibreáin a tharla sé seo. Oideasaítear braonta súl séirim mar chóir leighis na dála deiridh nuair nach bhfuil cóir leighis ghnásúil ag obair. Oideasaítear iad i gcoinne roinnt mhaith fadhbanna sláinte, fadhbanna imdhíonacha agus neamhimdhíonacha araon, ar cúis le súil thirim iad.

Cuireadh tús le táirgeadh na mbraonta súl i Mí Mheán Fómhair agus tá ardéileamh cliniciúil orthu, faoi mar a thuar Stiúrthóir Oftalmach an bhainc. Chuir an fhoireann tús le cur chun feidhme an phlean chun banc coirní a athbhunú in Éirinn. Ligfidh sé seo do dheontóirí Éireannacha a gcuid coirní a dheonú arís agus i ndiaidh ama, laghdóidh sé an t-éileamh ar choirní iompórtáilte agus is é an sprioc dheiridh ná ár leordhóthain coirní a bheith againn féin. Bhí méadú 20% ar sholáthar fíocháin shúilí i gcomparáid le 2021 ach d'fhan soláthar fíocháin chardashoithíoch, matánchnámharlaigh agus craicinn ar chomhchéim leis an mbliain roimhe.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ)

**Na príomhrudaí a baineadh amach in 2022:**

- Cuireadh 2,441 breis leis an gclárlann
- Athrú ó bhonn ar earcaíocht deontóirí, saibhríodh an chlárlann le deontóirí óga chun go mbeidh seans níos fearr fós ag othair CSNÉ trasphlandú smeara a fháil

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsir haemata-póéiseach d'othair áirithe a bhfuil leoicéime, siondróim theipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás líon mór othar nach bhfuil an rogha tosaíochta acu mar atá siblíneach atá comh-oiriúnach go hiomlán a úsáid, cuireann deontóirí nea-mhghaolmhara as na milliúin deontóir deonach atá ar fud an domhain rogha oiriúnach eile ar fáil.

Chun freastal ar an ngá le deontóirí chun cealla sinsir haematapóéiseach a dheonú d'othair Éireannacha agus d'othair ar fud an domhain, bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) i 1989.

I gcás Chlárlann na hÉireann, déantar deontóirí a chuardach agus a roghnú le haghaidh othar in Éirinn a bhfuil trasphlandú de dhíth orthu. Tá bunachar sonraí sa chlárlann fosta de dheontóirí in Éirinn atá toilteanach gaschealla fola a dheonú.

Déanann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéine-olaíocht tíopáil fíocháin ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Tá an chlárlann ceadúnaithe ag ÚRTS de réir Threoir Fíocháin an Aontais Eorpaigh 2004/23/CE.

### Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar phainéal smeara na hÉireann agus ó bhunachar sonraí Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (WMDA) thar ceann Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Cuireadh 105 othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2022 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara.

Fuair caoga a sé othar Éireannacha trasphlanduithe gascheall ó dheontóir neamhghaolmhar in 2022. Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór, is tháinig ceathrar díobh siúd ó CSNÉ. As na 56 trasphlandú a rinneadh, rinneadh 15 trasphlandú smeara, 38 trasphlandú gascheall fola imeallacha, agus 3 insileadh Limficíte Deontóra.

### Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Tá ceangal idir Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann agus Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smeara (EMDIS), ar córas cumarsáide é a chuireann ar a gcumas do chlárlanna idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástáil leathnaithe. Roghnaíodh 125 deontóirí Éireannacha i gcomhair tástáil bhreise in 2022. Ó roinnt de na torthaí tástála, fuarthas 7 n-iarratas ar oibriú. Bhí 5 dheonú gascheall fola imeallacha san iomlán againn a rinneadh thar ceann othair idirnáisiúnta in 2022.

### Earcú Deontóirí Éireannacha

Le linn na bliana, thug 2,441 deontóir nua samplaí fola chun clárú le CSNÉ, a chuirfear leis na 23,000 deontóir féideartha atá ar an gclár faoi láthair.

## An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtas sábháilte fuilaistrithe chliniciúil a fhorbairt. Déanann sé eolas a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur lena dtarlú nó lena n-atarlú. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH), atá mar chuid de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ). Ó bunaíodh an clár in 1999, tuairiscíodh 8,586 frithghníomh throma dhíobhálacha mar thoradh ar fhuilaistriú ar an iomlán agus tuairiscíodh na teagmhais sin.

Déanann ONH idirchaidreamh le, agus tacaíonn sí leis na hOifigigh Haemafhaireachais (HVOnna) atá bunaithe in ospidéil ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (IHN), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann (RA & LFÉ).

### Teagmhais Throma Dhíobhálacha (SAEnna) — éigeantach agus neamhéigeantach

Déanann an ONH athbhreithniú maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/CE an AE maidir le Fuil, in éineacht le SAEnna neamhéigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí sin ó fhorais fola agus bainc agus saoráidí fola ospidéal. Tuairiscíodh 153 SAE éigeantacha le linn 2022 (48% de na SAEanna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 168 SAE neamhéigeantacha (52%

de na SAEnna go léir), a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Cuimsítear san fhigiúr sin teagmhais a bhain leis an Fhuil Chontráilte san Fheadán (líon=57) a bhailigh ONH.

## Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (SARanna) — éigeantach agus neamhéigeantach

Tuairiscíodh 134 SAR ar an iomlán in 2022 a thagann leis na critéir. Tá méadú tagtha ar an líon SAR Éigeantach (82) a tuairiscíodh go dtí seo i gcomparáid leis an líon a taifeadadh in 2021 (78).

## Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (ANSARE)

Chun cloí le hAguisíní II D agus III C de Threoir 2005/61/CE ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola foirm ANSARE a chomhlánú1 agus a chur ar ais chuig ONH. Thuairiscigh ONH 211 tuarascálacha éigeantacha in 2022 (don bhliain tuairiscithe 2021), agus bhí tiomsú thuairisc ANSARE 2022 ar siúl nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh.

## An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS)

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla i mblianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta ath-bhreithnithe cásanna leis an ONH chun teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

## Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn ONH le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair a dhéanamh i ndlúth-pháirt le HVOnna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh leis an oideachas leanúnach ar fhochéimithe agus céimithe, eolaithe leighis agus cláraitheoirí speisial-tóra chomh maith i rith na bliana.

## Comhdháil Fhíorúil an ONH in 2022

D'óstáil an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais comhdháil fhíorúil ar an Máirt an 15 Feabhra 2022, agus d'fhreastail beagáinín os cionn 300 toscaire le raon leathan cúlraí uirthi.

Rinne an tOllamh Stephen Field, Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta SFÉ, an ócáid a oscailt, agus rinne cainteoirí ó Éirinn, an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus SAM cuir ar láthair ann a phléigh topaicí an-éagsúla ar nós 'An Grúpa Comhairleach Náisiúnta Fuilaistriúcháin in Éirinn; agus earráidí Daonna agus Córais i SHOT RA; Bainistíocht Fola Othar san Iorua; Fuilaistriú Péidiatrach in Éirinn agus an Nuashonrú ar Blood Track.

Rinne foireann ONH cur i láthair ar thorthaí agus anailís ar fhrithghníomhartha agus teagmhais thromdhíobhálacha ó thuairiscithe a tógadh le linn 2020/2021.

Bhí comórtas póstaer ag an am céanna leis an gcomhdháil agus fuarthas 7 n-iontráil; Ba é ábhar an iontrálaí a bhuaigh ná cur chun feidhme HaemobankTM in Ospidéal Máithreachais na hOllscoile, Luimneach.

Tharraing an ócáid fhíorúil an-chuid suime agus bhí plé beo ann le linn na dtrí sheisiún ceisteanna agus freagraí.

Tá na cuir i láthair ar fáil ar shuíomh idirlín SFÉ (i gcás go bhfuil cead tugtha ag an láithreoir).

## Tuarascáil Bhliantúil

Chuir an ONH Tuarascáil Bhliantúil 2021 i dtoll a chéile a chuireann faisnéis ar fáil faoi theagmhais agus frith-ghníomhartha tromdhíobhálacha a tuairiscíodh don ONH in 2021.

Tá an tuarascáil Bhliantúil curtha ar fáil ar shuíomh idirlín giveblood.ie.

## Ríomhfhoghlaim

Lean SFÉ de cheadúnú agus soláthar clár ríomh-fhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS.

Tá formhór na n-ospidéal in Éirinn agus cuid de na hinstitiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. Cuimsítear leo baill foirne ospidéal agus fochéimithe cúraim sláinte i roinnt ollscoileanna atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas éigeantach cúrsa.

## An tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach

Cuireann an tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (TAS) in Ionad Chorcaí aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan in Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (MUH) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh (BSHC). Aistrítear othair as ospidéil eile sa cheantar a bhfuil gá acu le TAS chuig na háiseanna sin mar is cuí.


Lia comhairleach sa mhíochaine fuilaistriúcháin a stiúrann TAS agus tacaíonn Oifigeach Leighis Speisialtóra (SpMO), Speisialtóirí agus Cláraitheoirí (SPRanna) agus altraí atá oilte i ngnáthaimh theiripeacha leis. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid; Terumo Spectra Optia. Ullmhaítear prótacail aifiréise do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas agus atá i bhfeighil an othair, agus iad treoraithe ag 'Guidelines and Indications for Treatment' (ASFA-2019) de chuid Chumann Aifiréise Mheiriceá agus tugtar aitheantas sa chleachtas ar threoirlínte eile, iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (BSH-2015) san áireamh.

Feidhmíonn TAS laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta SFÉ agus tá pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, nósanna imeachta caighdeánacha SOPanna, teicneolaíocht bhailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhais dhíobhálacha ann. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe corpraithe i SOPanna Teiripe SFÉ, i bpolasaithe agus nósanna imeachta cuí ospidéil. Freastalaíonn foireann TAS ar chruinnithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD), iniúchtaí san áireamh. Rinneadh 28 atreorú othar agus 161 gnáthamh le linn 2022. Áiríodh leis seo, Malairt Plasma Theiripeach (TPE) agus Malairt Fuilcheall Dearga (RCE) agus rinneadh iad in CUH den chuid is mó, le hothar amháin in BSHC agus othar eile in MUH. Tá éagsúlacht ag baint leis an éileamh TAS agus is doiligh é a thuar. Tá an claonadh in atreoruithe néareolaíochta atá ag dul i méid cothromaithe ag laghdú in atreoruithe haemaiteolaíochta agus go pointe áirithe, atreoruithe duánacha le blianta gairide anuas.


### Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Ó 2017 ar aghaidh cuireann an tseirbhís seo idir 97 agus 181 gnáthamh ar fáil go hiondúil in aghaidh na bliana. Tá treocht agus inathraitheacht an éilimh ar an tSeirbhís le blianta beaga anuas ar taispeáint thíos.

**Iomlán na nGnáthamh in aghaidh na Bliana 2017–2022**




**Éileamh ar an tSeirbhís ó 2017–2022 de réir míosa**





Tá cead ag othair cúram éigeandála a lorg taobh amuigh de na gnáthuaireanta má tá a ndiagnóis ina bagairt ghéar ar a mbeatha nó ar a n-orgáin. Mar thoradh ar phrótacail laethúla/gach ré lá, tá seirbhís ag an deireadh seachtaine de dhíth. As na 161 gnáthaimh a rinneadh i 2022, rinneadh 38 ceann acu (26.6%) ag an deireadh seachtaine agus cuireadh tús le 12 cinn acu (7.4%) lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre le linn na seachtaine. Leagtar amach thíos an treocht de réir éilimh (de réir ráithe) ar sheirbhís deireadh seachtaine, lá saoire bainc agus lasmuigh de ghnáthuaireanta..

**Deireadh Seachtaine, Saoire Bainc, Lasmuigh de Ghnáthuaireanta 2022**




**1.1** I gcomhréir le treochtaí le déanaí, bhain formhór na n-atreoruithe le hothair a bhí i láthair mar gheall ar fhadhbanna néareolaíocha 19 (68%), fadhbanna duánacha ina dhiaidh sin 7 (25%) agus ansin fadhbanna haemaiteolaíochta 2 (7%).




## Aicíd Chorráncheallach

Lean TAS de chlár roghnach in 2020 chun Fuilchealla Dearga a mhalartú d'othar a bhfuil galar corráncheallach (SCD) air/uirthi, faoi threoir paraiméadar saotharlainne agus paraiméadar cliniciúil. In 2022, rinneadh 11 mhalairt fuilcheall dearg san iomlán. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh sin de réir mar a thagann an cohórt réigiúnach d'othair phéidiatraiceacha in aibíocht mar dhaoine fásta.

Ba in CUH is mó a bhí éileamh ar TAS agus fuair 26% d'othair cóir leighis in 2022. Bhí atreorú an ceann ag BSHC agus MUH.

## Treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA)

Tá treoirlínte ASFA ann mar bhonn chun prótacail a phleanáil le haghaidh na cóireála don othar aonair. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacaíochta agus ar láidreacht an mholta a rinneadh de bharr na fianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is déanaí (an 8ú hEag.) in 2019.

Catagóir I — Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe chéad líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le modhanna cóireála eile.


Catagóir II — Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe dara líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le cóireálacha eile.

Catagóir III — Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – déantar cinntí ar bhonn aonair.


Catagóir IV — Neamhoird a léirítear nó a moltar i bhfianaise atá foilsithe nach bhfuil éifeacht leis an aifiréis orthu nó go bhfuil seans ann go mbeadh sí díobhálach.

D'fhéadfadh Aifiréis Theiripeach a bheith mar chuid den fhreagra cliniciúil práinneach ar chomhartha riocht an othair, i gcás roinnt fadhbanna. D'fhéadfadh aifiréis luath an bhagairt ar bheatha nó ar orgáin a mhaolú. Bhí práinn ag baint le 68% de na hothair a tháinig isteach, bhí fadhb ag teacht chun cinn in 29% d'othair, agus bhí 3% acu ann ina n-othair ghnáthaimh in 2022.

## Leibhéal Práinne Othar de réir speisialtachta 2022





## Othair de réir diagnóise agus leibhéil práinne



In 2022, chun cóir leighis a chur ar roinnt othar bhí orainn réamhchúraimí leithlisithe a chur i bhfeidhm.

**Riachtanais leithlisithe 2022 (Líon othar)**




Chun Aifiréis Theiripeach a dhéanamh, ní mór go mbeadh sruth fola den scoth ag an othar. B'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht a fháil ó chataitéar féitheach lárnach arna chur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe, go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. Bhí cataitéar féitheach lárnach de dhíth ar an gcuid is mó d'othair.

## Creat Cáilíochta

Sainmhínítear córas bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn go foirmiúil agus a dhéanann próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach. Cloíonn an tSeirbhís Aifiréise Teiripí le treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (CAM) 2019, agus treoirlínte Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (2015) agus déanann sé iniúchtaí inmheánacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach chun dea-chleachtas a chinntiú. Cinntíonn cumarsáid le seirbhísí aifiréise eile agus freastal ar chomhdhálacha sa RA agus ar chomhdhálacha idirnáisiúnta go bhfuil an tseirbhís bunaithe ar fhianaise.

## Saoráidí agus an teicneolaíocht

Úsáidtear dhá mheaisín Spectra Optia in TAS, a stóráiltear in CUH, agus is féidir iad a iompar chuig MUH nó BSHC de réir mar is gá. Tá na meaisíní bailíochtaithe agus déantar cothabháil coisc gnáthaimh faoi dhó sa bhliain.

Is liachleachtóirí ceadúnaithe agus altraí ginearálta cláraithe iad baill foirne TAS) a thugann faoin oiliúint éigeantach agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fad lena chinntiú gur cleachtas reatha atá acu atá bunaithe ar fhianaise.

# Cáilíocht

Leis na caighdeáin is airde cáilíochta a chur i bhfeidhm ar gach rud a dhéantar, léiríonn an fheidhm Cháilíochta a tiomantas do na caighdeáin sin i gcónaí. Leanann ár bpróisis ag comhlíonadh riachtanais rialúcháin chun táirgí agus seirbhísí atá sábháilte agus ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí a dheimhniú.

Cabhraíonn cáilíocht go mór linn is neartaíonn sí ár spriocanna straitéiseacha chun tacú le cúram sláinte níos fearr, barr feabhais oibríochta a bhaint amach agus seirbhís custaiméara a fheabhsú. Is mian leis an SFÉ a bheith i dtús cadhnaíochta sa tionscal maidir le cultúr cáilíochta a chur chun feidhme agus tacú leis, cultúr cáilíochta a thacaíonn leis an eagraíocht agus an cuspóir atá aici bhaint amach .i. luach a chur ar fáil dár ndeontóirí agus dár n-othair go leanúnach.

### Ár bpríomhspriocanna

- Tacú le saotharlanna leighis SFÉ agus le ranna eile chun caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh
- Éifeachtúlacht a fheabhsú ar fud réimse gníomhaíochtaí cáilíochta
- Cur chuige solúbtha rioscabhunaithe a thabhairt isteach



## Na príomhrudaí a baineadh amach

- Cuireadh tacaíocht ar fáil do Shaotharlann haemaiteolaíocht imdhíonachta Fuilcheall dearga is d'éirigh léi creidiúnú atá i gcomhréir le EN ISO 15189:2012 a fháil ó Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).
- Rinneadh nuashonrú ar an bpróiseas neamh-chomhréireachta chun Tuarascálacha Teagmhais a bhainistiú, le go mbeadh athruithe suntasacha san áireamh ann, ar nós cur chuige rioscabhunaithe feabhsaithe a chuimsíonn na treoirlínte idirnáisiúnta ar Bhainistíocht Riosca Cáilíochta (ICH Q9). Tá sé mar aidhm aige seo a dheimhniú go bhfuil an leibhéal fiosrúchán i gcomhréir leis an leibhéal riosca.
- Chun tuilleadh daingnithe a dhéanamh ar phrionsabail rioscabhunaithe, tá réimse Riosca agus Athléimneachta aistrithe anois go dtí an fheidhm Cháilíochta.
- Thug an fhoireann Cáilíochta tacaíocht do chur chun feidhme mórathruithe ar an gCeistneoir Sláinte agus Stíle Maireachtála (HLQ) agus don phróiseas nua Measúnaithe Riosca Deontóra Indibhidiúil (MRDI).
- Cuireadh forbairt na sonraíochta riachtanais do Chóras Bainistíochta Cáilíochta Leictreonach (EQMS) i gcrích i gcomhréir le straitéis SFÉ. Mar chuid de seo, rinneadh athbhreithniú úr ar riachtanais Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS) de chuid TF agus Cáilíochta a bheidh in úsáid ag gach tairiscint SFÉ amach anseo. Chun tuilleadh cuíchóirithe agus caighdeánaithe a dhéanamh ar ár gcórais chuaigh an fheidhm Cáilíochta i gcomhar leis an Roinn Acmhainní Daonna in iarracht chun EQMS agus córas Sláinte agus Sábháilteachta comhcheangailte a chur i bhfeidhm.

- Le linn na bliana, leanadh den bhéim ar earcaíocht, foireann a choinneáil agus uasoiliúint tras-scileanna chun go gcothódh an fheidhm Cháilíochta fórsa oibre láidir inbhuanaithe.
- Seoladh áit nua ar líne faoi eolas cáilíochta le haghaidh Gairmithe Sláinte agus do Chustaiméirí.

### Ag tacú le Táirgí agus Seirbhísí

Le bliain anuas, thug an Roinn Cáilíochta tacaíocht do na foirne bailiúcháin, táirgthe agus saotharlainne le cinntiú go leanfaidh SFÉ uirthi na caighdeáin is airde ó thaobh bailiúchán, táirgthe agus tástála ar chórais agus seirbhísí de a chaomhnú. Le linn 2022, rinneadh bailíochtú ar líon suntasach trealamh agus córas agus mar chuid de seo d'éirigh linn an Córas Uathoibrithe Grúpála Fola PK 7400 a thabhairt isteach, chomh maith le Mear-reoiteoir Plasma, agus Caibinéid Bhithshábháilteachta Cítiméadair Sreibhe nua, agus Anailíseoirí Gáis Fola agus Téachta nua a fháil le cur in ionad na gceann a bhí ann cheana. Cuireadh gléasanna nua scagthástála Haemaglóibine chun oibre i gclinicí deontóirí (Hemocue 301) agus ina ndiaidh sin, rinneadh uasghrádú ar gach trealamh agus bogearra bailithe Aifiréise Trima. Cuireadh uasghrádú suntasach ar Chórais Uisce na Saotharlann i gcrích le linn na bliana, le hathbhailíochtú ar an ardán scagthástála úrscothach Alinity san áireamh.

| 2022 | Cothabháil Choisctheach/Calabrúcháin | Cothabháil Cheartaitheach | Comhaontuithe ar leibhéil an tSoláthraí | Athcháilithe |
|---|---|---|---|---|
| **Total Number** | 2,061 | 258 | 32 | 519 |

Tionscadail agus tionscnaimh eile de chuid SFÉ ar tugadh tacaíocht dóibh le linn na bliana:

- Cuireadh tacaíocht cháilíochta ar fáil don mheasúnú féidearthachta ar phróiseas laghdaithe pataiginí do phláitíní in SFÉ.
- Cuireadh próisis doiciméadaithe nua fheabhsaithe i bhfeidhm, ar nós córais nua do dheimhnithe doiciméad atá níos éifeachtúla ó thaobh 'léitheoireachta agus tuisceana' de, próisis nua chun doiciméid ón taobh amuigh agus doiciméid le teimpléid nua, treoracha agus ríomhfhoirmeacha a bhainistiú a chuirfidh feabhas ar éifeachtúlachtaí san eagraíocht trí chéile.
- Glacadh páirt i dtionscnaimh straitéiseacha in Iniúchadh Cultúrtha SFÉ, Nuálaíocht agus sa Tionscadal Píolótach Barainne 6-Sigma.
- Tugadh tacaíocht do chur chun feidhme athruithe struchtúrtha san eagraíocht trí chéile, mar shampla an tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí nua a tugadh isteach.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bpróiseas Bainistíochta Riosca Cáilíochta FMEA agus ar Lámhleabhar d'Fhorais Fíocháin.
- Rinneadh athbhreithniú ar na Treoirlínte do Dheontóirí chun formáid brabhsálaí suímh a chruthú atá níos éasca a úsáid.
- Cuireadh beartas nua oiliúna i bhfeidhm don SFÉ in éineacht leis an bhfoireann Foghlama agus Forbartha.
- Cuireadh na ceardlanna Oiliúna Bainisteoirí isteach réitíodh bealach dóibh chun cabhrú le gach tasc oiliúna éigeantach.

## Ag Freastal ar Riachtanais Rialála

Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) an comhlacht rialála a thugann údarás do Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (SFÉ) chun táirgí Fola agus Fíocháin a tháirgeadh. Tá sé freagrach freisin as na forálacha faoi Threoracha an AE agus reachtaíocht um tháirgí Fola agus Fíocháin a riar.

Lean an ÚRTS lena gclár imscrúdaithe le linn 2022 agus thugadar imscrúduithe sna réimsí seo a leanas chun críche:

| Cineál Údaraithe/Ceadúnais | Láthair/Limistéir Imscrúdaithe | Laethanta an Imscrúdaithe | Gníomhartha Comhlíontachta |
|---|---|---|---|
| **Foras Fola (BE)** | Ionad Luimnigh (& Clinic Chathair Dháibhín) | 1 | 3 |
| | Ionad Bhaile Átha Fhirdhia (& Clinic Dhún Léire) | 1 | 4 |
| | Ionad Soghluaiste Chorcaí (& Clinic Mhainistir na Corann) | 1 | 1 |
| | Ionad Soghluaiste Bhaile Átha Cliath (& Clinic Chlaonta) | 1 | 5 |
| | Clinic Shráid D'Olier | 1 | 7 |
| | Clinic Stigh Lorgan | 1 | 5 |
| | An tIonad Náisiúnta Fola | 5 | 6[1] |
| | Ionad Fuilaistrithe Réigiún na Mumhan | 3 | 5 |
| **Dea-chleachtas Déantóra (GMP)** | Banc Fíocháin (Braonta Súl Séirim allaigineach) | 3 | 16[2] |
| **Iomlán** | **9** | **17** | **52** |

Comhlacht náisiúnta is ea Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú a bhfuil sé de fhreagracht air Saotharlanna a chreidiúnú in Éirinn. Le linn 2022, d'éirigh le Saotharlann haemaiteolaíocht imdhíonachta Fuilcheall Dearga SFÉ creidiúnú atá i gcomhréir le EN ISO 15189:2012 a fháil ó mheasúnóirí INAB.

| Creidiúnú INAB | Láthair/Limistéar Measúnaithe | Laethanta an Mheasúnóra | Gníomhartha Comhlíontachta |
|---|---|---|---|
| EN ISO 15189:2012 | haemaiteolaíocht imdhíonachta Fuilcheall Dearga Saotharlann | 3 | 19 |

1 Tuairiscíodh ceithre mhóreasnamh

2 Tuairiscíodh móreasnamh amháin

## Achoimre Dearbhaithe Cáilíochta

| 2022 | Líon |
|---|---|
| Tuairiscí Teagmhais | 524 |
| Rialuithe Athraithe | 374 |
| Pleananna Rialaithe Athraithe | 83 |
| Gearáin faoi Cháilíocht[3] | 956 |
| Iniúchtaí Inmheánacha/Seachtracha | 30 |
| Orduithe Athraithe Doiciméad | 447 |
| Aistarraingtí Táirgí[4] | 480 |
| Teagmhais Throma Dhíobhálacha | 47 |
| Frithghníomhartha Troma | 36 |
| Díobhálacha Faireachas Fíocháin (CSNÉ. san áireamh) | 22 |

## Riosca

Déanann SFÉ bainistíocht ghníomhach ar rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ár Straitéis *'Connections that Count'* agus ar dheiseanna a d'fhéadfadh í a fheabhsú. Déantar é seo faoi chreat Bhainistíocht Riosca SFÉ.

Lean SFÉ ag obair trí na rioscaí agus na bagairtí féideartha do leanúnachas gnó ón bpaindéim leanúnach COVID-19 agus trí chúinsí idirnáisiúnta ar nós ionradh na hÚcráine in 2022. Rinneadh bainistíocht ar rioscaí a bhain le COVID-19 go leanúnach tríd an gclárlann riosca corparáide agus an tuairisciú riosca ráithiúil chuig an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta agus Bord SFÉ. De réir mar a tháinig an bhliain chun deiridh, chuaigh tionchar COVID-19 i léig. Reáchtáil an SFÉ feachtais teanndáileoige in aghaidh Fliú Geimhridh agus COVID-19 chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann.

In 2022, leanadh le hoibríochtaí Tascfhórsa Téarnaimh COVID-19 SFÉ, ar cuireadh tús leis in 2021 agus é de shainordú aige Treochlár Téarnaimh a chur le chéile don eagraíocht. Astu seo, d'aithin an grúpa cé na bearta a bhí mar athruithe dearfacha lena gcoinneáil go fadtéarmach tar éis na paindéime, agus cé na cinn eile a bhfaighfí réidh leo nuair a bheadh sé sábháilte sin a dhéanamh.

Tháinig deireadh le roinnt beart in Earrach 2022, nuair a d'fhill baill foirne a bhí ag obair ó chian ar ais ar an láithreán oibre. Cuireadh tús le beartas nua SFÉ um obair chumaisc, rud a cheadaigh do dhaoine i bpoist oiriúnacha meascán d'obair ó chian, agus obair ar an láthair a dhéanamh.

Lean Grúpa um Bainistíocht Práinne Fola, a bunaíodh in 2021, air ag úsáid Phlean Bainistíochta Fola SFÉ (EBM) chun ganntanais Comhábhar Fuilcheall Dearga a bhainistiú. Tagann an plean go maith leis an bPlean Náisiúnta Comhairleach Fuilaistriúcháin (NTAG) do SFÉ, FSS agus Ospidéil i bPoblacht na hÉireann chun dul i ngleic le Ganntanais Chill Dhearg. Tástáladh na pleananna seo le linn 2022, leis an mbrú leanúnach a chuir COVID-19 ar an soláthar fola. Rinne SFÉ achainí náisiúnta faoi dhó in 2022 chun cabhrú leis an stoc fola náisiúnta. Ina theannta sin, baineadh úsáid as cur chuige cinnteoireachta rioscabhunaithe nuair a bhí an rogha le táirgí fola a iompórtáil ón NHSBT ar dhá ócáid á mheá in 2022. Baineadh úsáid as Múnla Cinnteoireachta Rioscabhunaithe na Comhghuaillíochta Oibreoirí Fola chun gach rogha a bhí ar fáil a mheas chun leanúnachas fola a chinntiú.

Cuireadh an réiteach bainistíochta riosca leictreonach a fuarthas in 2021 i bhfeidhm níos daingne san eagraíocht in 2022. Leis an mbogearra seo is féidir tuarascálacha riosca a chruthú i bhformáid a chuireann ábhair shothuigthe ar fáil sna hildisciplíní ar fad a bhfuil ról acu i dtaca le riosca a mhaolú go héifeachtach san eagraíocht. Chuaigh an bogearra bainistíochta riosca seo chun sochair SFÉ nuair a bhí scrúdú á dhéanamh ar an riosca ó ghanntanais bhreosla in 2022 de dheasca cúinsí idirnáisiúnta ar nós ionradh na hÚcráine, agus chinntigh sé freisin go raibh pleananna leanúnachais éifeachtacha i bhfeidhm do SFÉ.

3 Product, Hospital Services Complaints and Defects Reported. During 2022 approximately 60% were related to the incidence of Covid-19 in the community and 9% were for quality or service.

4 I gcás aistarraingthe, baintear táirgí d'úsáid fhéideartha arb eol go bhfuil siad fabhtach nó a bhfuiltear in amhras go bhfuil siad fabhtach. Le linn 2022, bhain thart ar 80% d'aistarraingtí táirgí le forleithne COVI-19 sa phobal.

# Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht

## Na príomhrudaí a baineadh amach

- Reáchtáil SFÉ a chéad chomhdháil taighde riamh, BlooDHIT, ar éirigh go hiontach leis, is thug na saineolaithe is fearr i ngach réimse atá ceangailte leis an tseirbhís fola cuir i láthair.
- Bhí sí rannpháirteach in 9 bhfoilseachán phiarmheasúnaithe acadúla, agus thug sí 18 cur i láthair ag an iliomad comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- D'earcaigh sí beirt thaighdeoirí iardhochtúireachta agus iarrthóir PhD, rud a mhéadaigh ár n-acmhainn is ár gcumas chun taighde buntábhachtach pláitíní a dhéanamh.
- Bhí ionadaíocht leanúnach agus éagsúil aici ar ghrCúpaí oibre na Comhghuaillíochta Eorpaí Fola (EBA), an Bharrfheabhais Bithleighis um Fhuilaistriúchan níos Sábháilte (BEST) agus na hEagraíochta Haemaiteolaíochta Eorpaí (EHA), a chuir ár gceannaireacht agus a rannpháirtíocht chun cinn ar ábhair atá ag dul i bhfeidhm ar sheirbhísí fola..

## Gníomhaíochtaí Taighde agus Tionscnaimh Straitéiseacha

Leathnaigh SFÉ a próifíl meán sóisialta @IBTS_Research agus bhain sí úsáid as an ardán chun gníomhaíochta taighde a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as grafaicí faisnéise, físeáin agus postálacha le linn Sheachtain Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa. I mí Mheán Fómhair, seoladh an tairseach do Ghairmithe Sláinte ar giveblood.ie a chuireann eolas ar fáil faoinár Seirbhísí Cliniciúla, Cláir Oideachais agus Gníomhaíochta taighde. Den chéad uair, cuireann sé ardán díreach ar fáil chun taighde agus taighdeoirí SFÉ a thaispeáint le húsáideoirí seirbhísí agus comhoibrithe. Tugtar an deis d'úsáideoirí an tsuímh idirlín clárú lenár nuachtlitir, #BloodDrop, a chuirfidh gairmithe sláinte ar an eolas faoi nuashonruithe ardleibhéil ar bhonn ráithiúil.

I mí na Samhna 2022, reáchtáil SFÉ in éineacht lena gcomhpháirtithe cliniciúla, ár gcéad chomhdháil taighde, BlooDHit. Dhírigh an Chomhdháil ar ghairmithe atá ag obair i réimse na haemaiteolaíochta agus na fuilaistrithe chomh maith le heolaithe leighis agus comhpháirtithe taighde. Meascán de cheannairí tionscail áitiúla agus idirnáisiúnta ab ea na sainchainteoirí is chlúdaigh siad raon leathan topaicí, amhail trasphlandú, taighde smeara, Ainéime Chorráncheallach agus Bainistíocht Iarainn. Leanann SFÉ uirthi ag comhlíonadh a gealltanais straitéisí chun bonn fianaise a sholáthar lena mbeifear in ann feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí fola agus fíocháin sa todhchaí. Déantar achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí taighde agus forbartha thíos:

- Chuir foilseachán ar an ráta braite an-íseal ar antasubstaintí Víris Limfeatrópaigh T daonna i ndeontóirí fola Éireannacha an fhianaise ar fáil chun straitéis scagthástála roghnaitheach a mholadh (Williams *et al*, 2022).
- Lean SFÉ uirthi lena ról tábhachtach i dtástáil antasubstaintí COVID-19 mar chuid den Chlár Náisiúnta Séireafaireachais (NSP) — Séireipidéimeolaíocht ar COVID-19 in Éirinn. Rianaigh algartam tástála a d'idirdhealaigh idir vacsaíniú agus infhabhtú a fuarthas roimhe, dul chun cinn na heipidéime trasna na tíre le linn 2020 agus 2021.

- Rinneadh meastóireacht ar shásamh deontóra fola i ndiaidh suirbhé a thabhairt do dheontóirí a dheonaigh fuil le linn srianta sláinte poiblí COVID-19. Tá áthas orainn a thuairisciú gur thug an chuid is mó de dheontóirí le fios gur airigh siad sábháilte agus iad ag deonú fola le linn na paindéime.
- Chinn taighde comhoibríoch gur luaigh freagróirí Afracacha gurb iad easpa eolais agus maláire eolas agus maláire na rudaí is mó a chur bac orthu fuil a dheonú. Bhí eolas ar ghalar chorráncheallach níos fearr i measc freagróirí Afracacha ná mar a bhí ag daoine geala (Fogarty *et al*, 2022).
- Rinneadh suirbhé ar réimse páirtithe leasmhara agus Forais Feola tuairiscithe a bhfuil ról riachtanach acu i bhforbairt agus i dtáirgeadh
- Táirgí Míochaine Ardteiripe (ATMP). Is féidir leis an tseirbhís fola taighde ATMP a fheabhsú trí chomhábhair, táirgeadh GMP agus taithí fhorleathan ar bhainistíocht deontóirí a chur ar fáil.
- Le comhábhair fola, cuireadh tacaíocht ar fáil do thaighde 90 taighdeoir Éireannacha acadúla, agus cabhraíodh leo a dtaighde a chur chun cinn.

## Comhdháil BlooDHIT 2022














# Straitéis

D'fhaomh an bord straitéis *'Connections that Count — SFÉ a Fhorbairt 2021 go 2025'* SFÉ i R4 2020. Gach bliain, déanann grúpa feidhmithe na straitéise breithniú ar thionscadail agus tionscnaimh mholta a thacóidh le cur chun feidhme na ráiteas uaillmhianta inár straitéis agus forbraíonn sé plean feidhmithe straitéise.

Sa phlean feidhmithe straitéise do 2022, aithníodh **65 tionscnamh straitéiseacha** atá le cur i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana. Tugann an íomhá thíos forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana, tugann glas le fios gur cuireadh i gcrích nó gur dúnadh é, tugann dearg le fios gur cuireadh moill air.



Déanann grúpa feidhmithe na straitéise monatóireacht agus rianú ar chur chun feidhme na straitéise. In 2022, chuir SFÉ roinnt tionscadal casta agus suntasach chun cinn. I measc na rudaí a d'éirigh linn a dhéanamh, bhí:


- Cur chun feidhme an Mheasúnaithe Riosca Deontóra Indibhidiúil
- Cur chun feidhme na n-anailíseoirí PK nua
- Táirgeadh braonta súl séirim allaigineach
- Tionscnamh na dtástálacha nua haemaglóibine i gclinicí
- Faomhadh an chur chuige chun an tionscadal plasma a athbhunú
- An chéad chomhdháil BlooDHIT
- Creidiúnú INAB

Chuireamar am agus iarracht i leataobh freisin chun roinnt tionscadal ilbhliantúil a chur chun cinn, amhail laghdú pataigine, úsáid plasma, agus cuireadh tionscadail eile chun cinn a bhfuil sé mar chuid díobh réitigh theicniúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme a fheabhsóidh an bealach ina n-idirghníomhaíonn deontóirí le chéile agus ina roinneann siad eolas, ar nós na tairsí gréasáin nua do dheontóirí.

# Acmhainní Daonna

## Seirbhísí do Dhaoine

I gcomhréir leis na tosaíochtaí straitéiseacha a leagadh amach in *'Transforming Together — Daoine, Cultúr, Ceangail'* chuireamar an plean fórsa oibre straitéiseach chun cinn a dheimhníonn go bhfuil ár ndóthain tallainne againn chun tacú le cur i bhfeidhm ár n-uaillmhianta straitéiseach foriomlána a chur i bhfeidhm. Ós rud é go bhfuil margadh dúshlánach agus iomaíoch ann le haghaidh cúraim sláinte agus acmhainní riaracháin, bhí ráta athraithe foirne de 16.81% againn, b'ionann sin agus méadú 3.54% ar an mbliain roimhe. Mar thoradh air sin, forbraíodh plean oibre chun foireann a choinneáil agus cuireadh tús leis i ráithe 3 chun tacú le hearcaíocht tallainne réamhghníomhach agus le bainistíocht tallainne chomh maith le gníomhaíochtaí folláine agus sóisialaithe.



**161**
feachtas earcaíochta curtha i bhfeidhm


**1109**
iarrthóirí

**169**
ceapacháin nua


**99**
fágálaithe

Cé go raibh an ráta saoire breoiteachta ag 7.24% (v 6.36% meánráta an FSS), b'ionann neamhláithreacht mar gheall ar chúinsí a bhain le COVID-19 agus 1.60% den ráta iomlán.

**Próifíl aoise**




**Deighilt Inscne**



### Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta

Tugadh an t-athbhreithniú ar ár struchtúir cheannaireachta agus bainistíochta Shraith 1 agus Shraith 2 agus ar an Oifig Bainistíochta Tionscadal chun críche agus i ndiaidh don Bhord na hathruithe molta a fhaomhadh, cuireadh tús leis an bplean oibre feidhmithe i Ráithe 2. I measc na mórfheabhsuithe, bhí roinnt na Stiúrthóireachta Oibríochtaí ina dhá stiúrthóireacht, Táirgeadh agus Seirbhísí Ospidéil agus Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíocht. Rinneadh atheagrú ar Shaoráidí agus Eastát, Riosca agus Athléimneacht agus Cosaint Sonraí. In éineacht leis sin, forbraíodh ceithre ghrúpa rialachais le haghaidh Soláthar agus Éileamh; Cliniciúil; Cáilíocht, Rialáil agus Sábháilteacht, agus Pleanáil agus Comhordú an Fhórsa Oibre.

| Grúpa Rialachais | Cathaoirleach |
|---|---|
| Soláthar agus Éileamh | Stiúrthóir Soláthair agus Éilimh agus Lóistíochta agus Stiúrthóir Seirbhísí Próiseála agus Ospidéil |
| Cliniciúil | An Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta |
| Cáilíocht, Rialáil agus Sábháilteacht | An Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíontachta |
| An Grúpa Rialachais um Fhórsa Oibre agus Pleanáil Airgeadais | Stiúrthóir Acmhainní Daonna agus Stiúrthóir Airgeadais |

### Dualgas Comhionannais & Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhFeidhm

Rinneadh dul chun cinn le plean feidhmiúcháin SFÉ 'Dualgas Comhionannais & Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí' (PSEHRD) a fhorbairt i rith na bliana. Cuimsíonn an plean creat bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais, ar phlean gnímh agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Tá an Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheacha agus plean feidhmithe PSEHRD ar fáil anois ar giveblood.ie. I measc na ngníomhaíochtaí suntasacha a tharla le linn na bliana, bhí clár meán sóisialta faoi fhostóir a thacaíonn go réamhghníomhach le mná in ETIM ar Lá Idirnáisiúnta na mBan; Cuireadh tús le cabhair d'fhostaithe, i gcomhréir le tacaíochtaí náisiúnta Néara-éagsúlachta agus i gcomhpháirt le grúpaí pobail chun deiseanna forbartha agus fostaíochta a chur chun cinn a thacóidh le daoine faoi mhíchumas.

Is ball é an SFÉ de Choiste Monatóireachta Míchumais na Roinne Sláinte chun tacú le feabhsúcháin agus ionchur a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara d'fhonn feabhas a chur ar mhonatóireacht mhíchumais san earnáil phoiblí. I gcomhpháirt leis an Údarás Náisiúnta Míchumais, rinneadh iniúchadh ar ár suíomh idirlín corparáideach i dtaca le Treoir an AE maidir le hInrochtaineacht ar Ghréasán, agus cuireadh gach moladh iniúchta i bhfeidhm chun comhlíontacht leanúnach a chinntiú.

### Teagmháil le Fostaithe

Rinneadh ár suirbhé don fhoireann uile ag deireadh 2022. Fuarthas 256 freagra, b'ionann sin agus ráta freagartha de 43%. Rinneamar tomhas ar scóir mholtacha, rátaí sástachta foirne agus scóir bhróid.

- Ba iad na scóir mholtacha don eagraíocht ná 6.7 sa mheán agus ba é na scóir mholtacha don fhoireann/roinn ná 7. Léiríonn sé seo go bhfuil leibhéil measartha go measartha ard molta ag SFÉ mar áit mhaith chun obair inti.
- Bhraith na leibhéil sástachta foirne ar na gnéithe a ndearnadh measúnú orthu. Sa mheán, bhí leibhéal iomlána sástachta go measartha ard ar 60%. Ba í sástacht le bainisteoirí an ráta is airde sástachta a cuireadh in iúl, 74.91%, chomh maith le sástacht lena gcumas a scileanna a chur i bhfeidhm sa ról. Ba iad na rátaí sástachta ba lú a tuairiscíodh ná do dheiseanna forbartha gairme ar 35.06%
- Luadh sna freagraí go raibh leibhéil arda bróid ag an bhfoireann as bheith ag obair in SFÉ, scór iomlán de 83 sa mheán.
- Ba iad na trí mholadh is mó chun feabhais ná, earcaíocht agus coinneáil, oiliúint agus forbairt, agus meas agus aitheantas. Déanfar athbhreithniú ar phleananna chun aghaidh a thabhairt ar réimsí atá le feabhsú in 2023.

### Cumarsáid Inmheánach

Sheol an Grúpa Cumarsáide Inmheánaí an Plean Oibre um Chumarsáid Inmheánach le linn na bliana. San áireamh sa phlean gnímh seo, tá cuspóirí idir cuspóirí gearrthéarmaí agus cuspóirí atá níos fadtéarmaí. Bainfear amach na gníomhartha atá níos fadtéarmaí amach i gcomhréir le plean straitéiseach foriomlán na heagraíochta, agus beidh tacaíocht ó lasmuigh den eagraíocht de dhíth orthu. Mar sin féin, i measc na ngníomhartha práinneach tá:

- Athbhreithniú agus tiomsú a dhéanamh ar na huirlisí cumarsáide atá ann anois. Déanfar sainmhíniú ar cad a dhéanann gach uirlis agus forbrófar sprioc shoiléir maidir leis an úsáid a bhainfear as gach ceann acu.
- An Béarla Simplí a chur chun cinn mar mheán do gach cumarsáid de chuid SFÉ agus seisiúin oiliúna Béarla Simplí a chur ar fáil.

## Seirbhísí Foghlama agus Forbartha

### Ceannaireacht

Príomh-mholadh straitéiseach do SFÉ is ea infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gceannairí a fhorbairt do gach réimse den eagraíocht. I gcomhpháirtíocht leis an Dr. Nuala Ryan ó Ollscoil Luimnigh (UL) tá an clár LEAD anois ina cheathrú bliain ar an bhfód. Mar chuid den obair le hOllscoil Luimnigh, táthar ag iarraidh a dheimhniú go bhfuil córais eagraíochta i bhfeidhm in SFÉ a neartóidh agus a thacóidh le forbairt ceannairí. Forbraíodh an Chairt Cheannaireachta, agus leagadh amach ann an fhís, na cuspóirí chun ceannairí SFÉ a aithint, conas a iompróidh siad féin agus conas a thabharfar tacaíocht dóibh san eagraíocht.

### Bainistiú Tallainne

Cuireadh tús le cur chun feidhme na dtionscnamh a aithníodh i gcreat bainistithe tallainne SFÉ. Chun scrúdú a dhéanamh ar na cuspóirí insoláthartha a bhí sa chreat saincheaptha, chuaigh Foghlaim agus Forbairt i gcomhpháirt le mic léinn MSc ó Choláiste na hOllscoile Corcaí (UCC) a raibh tionscadail taighde fheidhmiúla déanta acu i réimsí tábhachtacha de bhainistíocht tallainne, lena n-áirítear oiliúint agus forbairt, agallaimh fhágála, agus riachtanais folláine foirne san ionad oibre. Tá fianaise agus moltaí anois ag an bhfoireann ONEHR ó thorthaí agus moltaí na dtionscadal taighde feidhmiúil a thacóidh le feabhsuithe ar chleachtais.

### Forbairt Feidhmíochta

Tosaíocht is ea Forbairt Feidhmíochta a chomhtháthú agus a ailíniú le gníomhaíochtaí oibríochta. Cruthaíodh agus seoladh modúl ríomhfhoghlama saincheaptha nua ar chúrsa feidhmíochta SFÉ, chun tacú leis an bhfoireann rannpháirtíocht éifeachtúil a dhéanamh sa phróiseas.

Dhírigh an fhoireann Foghlama agus Forbartha ar ról an bhainisteora maidir le comhráití forbartha feidhmíochta a spreagadh go réamhghníomhach agus forbairt feidhmíochta a chur chun cinn mar dheis don fhoireann. Mar thoradh air seo, forbraíodh uirlisí tacaíochta agus oiliúint shaincheaptha do gach Bainisteoir.

### Barainneacht/Solúbthacht

Ceann de na huaillmhianta atá leagtha amach i Straitéis Daoine agus Cultúir ONEHR is ea freastal ar riachtanais custaiméirí ar bhealach solúbtha chun taithí daoine a fheabhsú. Rinne foireann ONEHR clár deimhnithe in AgileHR, rud a chuir ar chumas na foirne seirbhísí daonna agus cultúir a chur ar fáil a mheallfaidh, a fhorbróidh is a choinneoidh tallann is a thabharfaidh luach a saothair di. Ina theannta sin, cuireadh tús le hinfheistíocht i gclár oibre Barainne nuair a cuireadh clár píolótach Barainne Creasa Bhuí Six Sigma i bhfeidhm d'fhonn modheolaíocht Barainne a thabhairt isteach agus chun tacú le cur chun feidhme na gceithre mhórthionscadal in SFÉ trí chéile. Tá an méid a foghlaimíodh ón gclár taighde in úsáid anois mar bhonn chun creat barainneach solúbtha inbhuanaithe a fhorbairt a chuirfidh treochlár ar fáil chun clár oibre a chur I bhfeidhm don eagraíocht trí chéile.

### Club 30%

Rinneadh ball den chlub 30% de SFÉ, rud a léirigh go bhfuilimid tiomanta chun uaillmhianta ilghnéitheacht a ghlacadh isteach inár straitéis ONEHR a bhfuil sé mar aidhm aici cothromas inscne 30% ar a laghad a bhaint amach ar na leibhéil is sinsearaí san eagraíocht.

# Comhshaol, Sláinte agus Sábháilteacht

## Tacaíochtaí do Shláinte agus Folláine

Príomhchuspóir sa Ráiteas Straitéise Daoine agus Cultúir 2021 go 2025 is ea foireann garchabhróirí meabhairshláinte a bhunú san eagraíocht trí chéile. I gcomhréir leis an ngealltanas seo, lorgaíodh léirithe suime ón bhfoireann do ról deonach an gharch-abhróra meabhairshláinte. D'éirigh le ceithre bhall foirne dhéag ó gach cuid den eagraíocht an oiliúint Garchabhrach Meabhairshláinte a chur i gcrích i ráithe 3. Seo an chéad uair do SFÉ an oiliúint seo a reáchtáil dá cuid foirne.

Thosaigh SFÉ ag cur feasacháin ráithiúla Sláinte agus Folláine SFÉ amach le heolas iontu ar shláinte agus folláine tionscnaimh agus tacaíochtaí.

## Gradam Aitheantais Sábháilteacht Foirne SFÉ

Chun an tSeachtain Eorpach um Shábháilteacht agus um Shláinte ag an Obair a chomóradh, sheol an roinn Comhshaoil, Sláinte agus Sábháilteachta (EHS) Gradam Aitheantais Sábháilteachta SFÉ chun cleachtais dhearfacha sábháilteachta a roinnt agus a aithint a dhéanann baill foirne agus ranna laistigh de SFÉ chun comhghleacaithe agus cairde a choinneáil sábháilte agus chun timpeallacht shábháilte oibre a choinneáil do gach duine.

## Plean Paindéime COVID-19 SFÉ

I ráithe 3, rinneadh leasú ar leabhrán Plean Paindéime maidir le Freagairt SFÉ ar COVID-19 chun nádúr ath-raitheach na paindéime agus na treorach a cuireadh ar fáil a chur san áireamh. Tugann an leabhrán seo, a bhfuil cóipeanna crua agus leictreonacha de ar fáil don fhoireann, beartas agus nósanna imeachta na heagraíochta le chéile, chun an baol infhabhtaithe san ionad oibre a íoslaghdú.





# Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise

Ba é 2022 an chéad bhliain ó cuireadh Straitéis TF 2021–2025 i bhfeidhm a thugann tacaíocht do chuspóirí straitéiseacha corparáideacha na heagraíochta agus a chuireann ar a cumas iad a chur i bhfeidhm.

Cloch mhíle mhór ab ea é nuair a ceapadh Príomhoifigeach Faisnéise chun maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis seo agus chun í a chur chun cinn. Le fostú beirt anailíseoir gnó agus bainisteoir claochlaithe, cuireadh scileanna breise leis an bhFeidhm TF a bheidh riachtanach do chur chun feidhme na straitéise.

Ó thaobh na teicneolaíochta de, dhírigh na tionscadail ar an eastát TF a nuachóiriú mar chuid den chéad chéim de Straitéis TF SFÉ a chur i bhfeidhm. In 2022, dhíríomar ar na bunstruchtúir a fheabhsú, le béim shonrach ar croí-chrua-earraí bonneagair agus uirlisí úsáideoirí deiridh. I measc na n-éachtaí a baineadh amach le linn na bliana bhí an t iliomad nuashonruithe ar fhreastalaithe agus ar bhogearraí.

Ábhar buartha ab ea bagairtí cibearshlándála go fóill. San áireamh ar an obair a rinneadh i gcaitheamh na bliana chun ár slándáil a fheabhsú, rinneadh nuashonruithe ar bhonneagar agus bogearraí slándála, agus tugadh monatóireacht slándála chomh maith le cláir leanúnacha isteach chun feasacht a spreagadh i measc foirne SFÉ.

Leanadh le hobair ar thionscadail chun eispéireas deontóirí a fheabhsú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus uirlisí nua. Cuireadh tús le tionscnamh chun córas áirithintí ar líne nua a chur i bhfeidhm, mar chuid de seo. Cuirfidh an córas nua, a sheolfar in 2023, ar chumas deontóirí a áirithintí féin a bhainistiú agus breathnú ar a stair deonaithe.

Cuireadh tús le hobair ar an tionscadal *Stair Sláinte Féinmheasta* (*"SAHH"*) a bhfuil sé mar aidhm aige eispéireas an deontóra sa chlinicí a fheabhsú agus a dhigitiú. Déanfar sin a chur i bhfeidhm in 2023.

In 2022, cuireadh córas nua teileafóin i bhfeidhm do Sheirbhísí do Dheontóirí, is iadsan atá freagrach as áirithintí na ndeontóirí. Réiteach bogfhóin néalbhunaithe is ea an córas nua agus cuirfidh sé athléimneacht agus solúbthacht fheabhsaithe ar fáil do Sheirbhísí do Dheontóirí a bheidh an roinn sin in ann logáil isteach air ó áit ar bith ar líonra SFÉ. Cuireann sé feabhas ar thuairisciú freisin, rud a chuirfidh seirbhís shaincheaptha ar fáil do dheontóirí.

# Inbhuanaitheacht

Bailítear eolas faoi ídiú fuinnimh na heagraíochta go huathoibríoch ó gach táirgeoir fuinnimh le haghaidh gach láithreáin agus cuirtear isteach é ar chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&R) na hEarnála Poiblí de chuid SEAI. Tógann sé go dtí cúpla mí i ndiaidh dheireadh na bliana chun an t-eolas seo a thiomsú. Baineann an t eolas is déanaí le 2021.

Léiríonn na figiúirí do 2021:

- gur baineadh coigilteas éifeachta fuinnimh de 34.8% amach i gcomparáid leis an mbliain bunlíne (2008).
- bhí méadú 1% ar an ídiú fuinnimh i gcomparáid le 2020 mar gheall go raibh aerú breise ag teastáil i roinnt áiteanna.
- gur tháinig méadú 20% ar an ídiú gáis i gcomparáid le 2020 mar gheall ar dheacrachtaí feidhmíochta le coirí atá ag teacht chuig deireadh a saolré.

Is iad saotharlanna agus na limistéir chliniciúla is mó a úsáideann fuinneamh, agus bhí siad lánfheidhmeach le foireann iomlán iontu i gcónaí le linn phaindéim COVID-19.

Bhain an tSaotharlann Náisiúnta Tástála Deontóra creidiúnú My Green Lab amach i ndiaidh gur iniúchadh a próisis agus a húsáid fuinnimh agus áiseanna le hais an dea-chleachtais a chuireann My Green Lab ar fáil.

Tá ualach mór cuisnithe ar SFÉ. Cuireadh cuisneán nua in ionad an tseanchinn a bhí sa chóras cuisnithe stórála fola lárnach, agus tá Acmhainneacht Téite Domhanda níos ísle ag an gceann nua. Chuir sé seo fad le saolré an chórais cuisnithe agus bhain sé coigilteas fuinnimh áirithe amach.

Cuireadh athbhreithniú iomlán ar dhramhaíl chliniciúil ó gach saotharlann i gcrích i dtaca le treoirlínte ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Ciallaíonn an próiseas seo (a d'fhaomh saineolaí seachtrach sa réimse seo) go bhfuil deireadh leis an riachtanas seanbhunaithe maidir le dramhaíl a steiriliú le gal ar an láthair, agus shoiléirigh sé gur féidir dramhtháirgí fola (*fotháirgí táirgthe comhábhar fola*) a cuireadh thar lear lena ndó roimhe seo, a theaschóireáil anois i saoráid Éireannach an chonraitheora dramhaíola faofa. Bhí laghdú mór ar charbón mar thoradh air seo, ós rud é nach raibh gá le gal a ghiniúint a thuilleadh, atá an-dian ar fhuinneamh, agus nach raibh gá le dramhaíl a iompar thar lear lena dó.

I bhFómhar 2022, chuir an Rialtas an Sainordú Gnímh Aeráide amach chun laghdú 51% a dhéanamh ar astaíochtaí ceaptha gáis a bhaineann le fuinneamh roimh 2030. Chuir SFÉ tús lena Treochlár Gnímh Aeráide agus liosta tionscadal molta chun an sprioc seo a chomhlíonadh.

# Airgeadas

Cuntais Achoimre don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022

| | 2022 €'000 | 2021 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 71,394 | 69,166 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 3,629 | 3,347 |
| Ioncam iomlán | 75,023 | 72,513 |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas iomlán | 80,009 | 74,779 |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | (4,986) | (2,266) |
| Méadú / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | 73,052 | 13,024 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | – | – |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (264) | (164) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (72,863) | (83,457) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (5,061) | (72,863) |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €75 milliún (2021 €72.5 milliún) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2022 de réir ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam a fuarthas ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil de €71.4 milliún (2021 €69.2 milliún). Cuimsítear in ioncam neamh-athfhillteach de €3.6 milliún (2021 €3.3 milliún) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil HEV agus maoiniú iarchurtha do scéim aonair pinsin na seirbhíse poiblí. Léiríonn an méadú ar ioncam athfhillteach an t-ardú ar mhéideanna in 2022 i gcomparáid le leibhéil 2021, léiríonn sé chomh maith an méadú ar líon na dtástálacha a rinneadh i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

## Caiteachas

€80 milliúin a bhí sa chaiteachas do 2022 (2021 €74.8 milliún).

Is mar gheall ar ardú ar chostais foirne ó arduithe pá na hearnála poiblí agus arduithe ar chostais fuinnimh a tháinig ardú ar chaiteachas go bhfuil ardú ar chaiteachas. Tá costais boilscithe níos airde le feiceáil i roinnt de na míreanna nach mbaineann leis an bhfoireann, agus tháinig cuid de na harduithe ar chostais dhíreacha ó arduithe i méideanna díolacháin go díreach ós rud é go raibh an t éileamh níos airde, frithghníomhaithe tástála mar shampla.

Déanann an Bord cuntas ar phinsin i gcomhréir le caighdeán tuairiscithe airgeadais 102.

## Cúlchistí

Tá Cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid an chiste ag deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022 ná €10.60 milliún.

Ba é iarmhéid na gcistí taighde ar an 31 Nollaig 2022 ná €3.1 milliún. (2021 €2.9 milliún).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €1.4 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh le linn 2022 (€1.3 milliún i 2021).

Ba iad na príomhinfheistíochtaí caipitil le linn na bliana ná anailíseoirí grúpa nua agus mear-reoiteoir plasma a cheannach, chomh maith le huasghrádú ar ár mballaí dóiteáin TF.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íoc Pras ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos. Is é an creidmheas caighdeánach a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an tsonraisc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €321,377.09 déanach, ar feadh 18.74 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc sin agus 1.87% de líon agus 0.78% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €12,074.87

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonrasc agus leis an bpróiseas faofa agus íocaíochta.



# Sonraí Teagmhála

**Iniúchóirí**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Foirgneamh an Státchiste Clós Íochtair an Chaisleáin, Caisleán Bhaile Átha Cliath 2

**Aturnaetha**
Philip Lee LLP
Teach Connacht, 1
Bóthar Burlington,
Baile Átha Cliath 4
D04 C5Y6

**Baincéirí**
Bainc-Aontas Éireann Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8 D08 NH5R
t: 01/4322800
e:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie
Líne eolais do dheontóirí
1800731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbharra,
Bóthar Dhúglais
Corcaigh
t: 021/4807400 T12 Y319

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2
t: 01/4745000
DO2 TK51

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath
t: 1850 808 808
A94 NX47

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú
t: 041/6859994
A92 HCP4

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíochta Bhaile Mhic Thiarnáin, Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach
t: 059/9132125
R93 AC82

**Ionad Thuama**
Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá Bóthar Weir
Tuaim
Co. na Gaillimhe
t: 093 70832 H54P229

**Ionad Luimnigh**
Teach Carrig Ascaill
Chloch an Chéitinnigh
Lárionad Gnó an Ráithín
t: 061 306980
V94 AH97




IS BREÁ LINN ÁR NDEONTÓIRÍ



CUIRIMID FEABHAS AR SHAOL
NA N-OTHAR, LE CHÉILE



TUGAIMID CEANNAIREACHT
LE DEA-SHAMPLA



DÉANAIMID ÁR NDÍCHEALL CHUN
SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH



IS SINNE SFÉ



Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann